

**DRÉACHT-Phlean
Gníomhaíochta
Bithéagsúlachta
Chomhairle Contae
Chill Dara**



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



Clár na nÁbhar

Brollach	i
Nótaí Buíochais	iii
Caibidil 1 - Réamhrá	1
Caibidil 2: Bithéagsúlacht Chontae Chill Dara	13
Caibidil 3: Bagairtí ar an mBithéagsúlacht i gCill Dara	29
Caibidil 4: Láidreachtaí & Deiseanna don Bhithéagsúlacht	39
Caibidil 5: Spriocanna agus Cuspóirí	51
Caibidil 6: Cur chun Feidhme an Phlean	62
Aguisíní	65

Brollach



Carmel Kelly, an Cathaoirleach, Comhairle Contae Chill Dara

Tá áthas orm Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031 a chur i láthair. Sa phlean seo tógtar ar na bunchlocha a leagadh amach i “bPlean Oidhreacht Chill Dara” 2019-2025 inar leagadh béim ar thábhacht na hoidhreacht nádúrtha dár saol agus inár bpobail. Tá sé tábhachtach plean ar leith a bheith againn maidir leis an oidhreacht nádúrtha agus leis an mbithéagsúlacht ag an am rithábhachtach seo sa tsochaí, agus muid ag dul i ngleic leis an ngéarchéim bithéagsúlachta domhanda. Rinneadh an gá atá le leibhéil chomhair nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar gach

leibhéal soiléir i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht, 2023-2030, ina bhfuil an chéad chuspóir liostaithe mar “Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí a Ghlacadh”. Sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031, glactar chuige féin é sin agus léirítear é go han-mhaith; idir an chaoi ar ullmhaíodh é, agus an chaoi a gcuirfear chun feidhme é mar go gcuirtear béim ann ar thábhacht lárnach an chomhoibrithe, an chomhair agus na gcomhpháirtíochtaí.

Tá an-ádh orainn go bhfuil pobail agus eagraíochtaí an-ghníomhacha agus réamhghníomhacha againn i gCill Dara atá ag obair i dtreo chosaint, chaomhnú agus athchóiriú an dúlra. Chaith na daoine aonair agus na grúpaí sin am ar thacaíocht a thabhairt d’fhorbairt an phlean seo agus ar iarrachtaí a dhéanamh ina leith agus táimid an-bhuíoch as sin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do ról na ndaoine aonair ar Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta Chill Dara, agus ar an bhFóram Oidhreacht, a raibh ról lárnach acu i bhforbairt an Phlean seo.

Nuair a chuirfear chun feidhme na gníomhartha anseo, beidh siad mar threoir ag forbairt inbhuanaithe an chontae ar bhealach a chinnteoidh go gcosnófar ár n-oidhreacht nádúrtha chun leasa na nglúnta atá faoi láthair agus na nglúnta atá le teacht.



Sonya Kavanagh, an Príomh-Fheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Dara

Tá an-áthas orm Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031 a chur i láthair agus buíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe iomadúla a chaith a gcuid ama go flaithiúil chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróiseas ullmhúcháin an phlean.

Is céim thábhachtach agus dhearfach é an plean seo chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim bithéagsúlachta domhanda trí ghníomhaíocht áitiúil ábhartha. Leagtar amach

ann conair shoiléir chun freagairt ar bhealach cuimsitheach, comhoibríoch agus fiúntach do dhúshlán chailliúint na bithéagsúlachta i gContae Chill Dara.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031 trí chomhairliúchán fairsing le pobail áitiúla, le grúpaí comhshaoil, le heagraíochtaí, le húinéirí talún agus le

gníomhaireachtaí. Sa phlean, áirítear príomhchuspóirí agus gníomhartha atá dírithe ar chailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú, ar thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí caomhnaithe agus athchóirithe agus ar dhul i ngleic le bagairtí agus le brúnna a mbíonn tionchar acu ar ár dtimpeallacht nádúrtha. Chun ár n-oidhreacht nádúrtha, an dúlra agus an bithéagsúlacht a chosaint agus a chaomhnú, tá cur chuige cuimsitheach, comhoibríoch, uile-shochaí ag teastáil. Sa phlean seo, sainaithnítear deiseanna le haghaidh comhar den sórt sin.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl do ról na Comhairle Oidhreachta, as a dtacaíocht agus as a bheith mar chomhpháirtí sa Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta Údaráis Áitiúil. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl freisin do chúnamh ó Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta Chill Dara, agus d'Fhóram Oidhreachta Chill Dara as a gcuid ama, a n-ionchur agus a dtiomantas chun an Plean seo a chur i gcrích.

Táim ag tnúth le cur chun feidhme an phlean, rud a rachaidh go mór chun sochair dár bhfiadhúlra agus dár ngnáthóga, agus do mhuintir Chill Dara, agus muid ag bogadh i dtreo sochaí a bhfuil ceangal níos láidre aici leis an dúlra agus atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de.

Réamhrá na Comhairle Oidhreachta - le deimhniú



Nótaí Buíochais

Tá an tionscadal seo cómhaoinithe ag Comhairle Contae Chill Dara agus ag an gComhairle Oidhreachta.

Ba mhaith le Comhairle Contae Chill Dara buíochas a chur in iúl d'obair Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara, a d'oibrigh le tacaíocht ó Fhóram Oidhreachta Chontae Chill Dara; bhí na rannchuidithe agus an treoir a fuarthas ó bhaill den Ghrúpa Oibre le linn fhorbairt an phlean seo thar a bheith luachmhar.

Grianghrafadóireacht: Alan McCarthy, Edward Gilligan, Jesmond Harding, Meabh Boylan, Philip Strickland & Siobhan O'Brien.

Saothar Ealaíne: Kathrine Geoghegan

Dearadh: Le deimhniú

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le:

Oifigeach Bithéagsúlachta

Comhairle Contae Chill Dara

Áras Chill Dara, Devoy Park

Bóthar an Droichid Nua

An Nás, Contae Chill Dara

W91X77F

Guthán: 045 980200

Ríomhphost: biodiversity@kildarecoco.ie

Caibidil 1
Réamhrá

Caibidil 1 - Réamhrá

Sainmhíniú ar Bithéagsúlacht

Focal is ea bithéagsúlacht a úsáidtear go hidirmhalartach le ‘dúlra’. Tagann sí ó na focail ‘éagsúlacht bithiolaíoch’ agus tagraíonn sí do raon agus éagsúlacht gach ruda bheo, lena n-áirítear plandaí, ainmhithe, fungais agus miocrorgánaigh. Is toradh ar na milliúin bliain d’éabhlóid í sin.

Tá tábhacht leis an mbithéagsúlacht ar roinnt leibhéal, lena n-áirítear:

1. **Éagsúlacht ghéiniteach** – mar shampla, smaoinigh ar na héagsúlachtaí idir daoine maidir le cruth coirp, méid, snua nó dath gruaige daoine. Tá éagsúlacht ag an leibhéal géiniteach sin i speiceas tábhachtach d’inoiriúnaitheacht fhadtéarmach an speicis sin, trí fhreagairt dhifreálach agus athléimneacht i leith dálaí comhshaoil atá ag athrú nó atá díobhálach, mar shampla.
2. **Éagsúlacht Speiceas** – mar shampla, smaoinigh ar na cineálacha éagsúla éan atá le fáil in Éirinn. Tá gach speiceas uathúil agus chuaigh siad in oiriúint thar na mílte bliain chun bearna ar leith ina timpeallacht a líonadh. Bíonn ról casta ag gach speiceas ina n-éiceachóras a chuireann le garchothromaíocht laistigh den chóras sin de ghnáth – mar shampla trí chreach a ithe, trí iompraíochtaí speiceas creiche a athrú, tríd an gcomhshaoil a athrú go fisiciúil trí ghluaiseachtaí nó trí ghníomhartha. Is féidir leo a bheith ina mbia do speicis eile freisin, rud a thacaíonn le héagsúlacht níos airde suas an biashlabhra. Is minic a bhíonn sé deacair measúnú, tomhas nó cuntas iomlán a thabhairt ar mhéid iomlán na róil atá ag speicis, nó ar mhéid iomlán na mbearnaí a líonann siad, i ngréasán casta na beatha.

3. **Éagsúlacht éiceachórais** – mar shampla in Éirinn tá raon leathan éiceachóras againn, lena n-áirítear féarthailte, tailte portaigh, coillearnacha, abhann agus éiceachóras muirí. Tá bailiúchán uathúil gnáthóg, plandaí, ainmhithe agus rudaí eile beo i ngach éiceachóras; iad go léir ag idirghníomhú ar bhealaí casta iomadúla, mar a rinne siad in go leor cásanna, ar bhealach mionchoigeartaithe, le mílaoiseanna.

Is éard atá sa téarma bithéagsúlacht ná an chaoi a n-idirghníomhaíonn na codanna beo sin go léir freisin, mar **‘éagsúlacht fheidhmiúil’**; baineann sé sin le raon próiseas, feidhmeanna agus tréithe bithiolaíocha laistigh de chórais éiceolaíocha.

Cén fáth a bhfuil bithéagsúlacht tábhachtach?


Tá luach intreach ag an dúlra ann féin, agus dá bhrí sin is fiú é a chosaint bunaithe ar bhonn an fhiúntais sin amháin.

Ina theannta sin, comhlíonann ‘bithéagsúlacht’ nó an dúlra na riachtanais fhisiciúla is bunúsaí agus is criticiúla do mharthanais an duine ar Domhan, trí na rudaí a chuireann sí ar fáil lena n-áirítear soláthar ocsaigine, cothaithigh, calraí, breosla le haghaidh teasa, snáithíní le haghaidh éadaí, ábhair chun foscadh a thógáil, uisce glan, aer glan, rialú tuitte agus rialú aeráide. Cabhraíonn an bithéagsúlacht timpeall orainn linn freastal ar riachtanais eile nach bhfuil chomh hinláimhsithe ach atá tábhachtach, lena n-áirítear riachtanais chultúrtha, áineasa agus spioradálta.

Baineann leibhéal arda bithéagsúlachta le héiceachórais atá níos athléimní agus le timpeallachtaí cobhsaí, ach ar an

drochuair, tá a fhios againn go bhfuil meath ag teacht ar an mbithéagsúlacht go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud an domhain, agus is í an chailliúint gnáthóige an phríomhchúis leis (le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis na treochtaí sin, féach Caibidil 3).

De réir taighde agus tuiscint eolaíoch (chomh maith le ciall b'fhéidir!), tá folláine fhadtéarmach an duine fite fuaite leis an dúlra, agus braitheann sí ar an dúlra le leanúint de na seirbhísí éiceachórais atá leagtha amach thuas a sholáthar. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfí stop leis an meath ar an mbithéagsúlacht agus go n-aisiompófaí iad, ní hamháin mar gheall ar a luach intreach, ach freisin mar gheall ar thuiscint an-bhunúsach a bhfuil béim aici ar an duine.



Fíor 1: Seirbhísí Éiceachórais

An Ráiteas Físe

"Is é ár bhfís le go mbeidh Cill Dara ina chontae atá chun tosaigh maidir leis an mórathrú ar chosaint na bithéagsúlachta; áit ina dtugtar tús áite do chaomhnú agus d'athchóiriú, trí ghníomhartha práinneacha, cuimsitheacha agus spriocdhírthe. Rachaidh na gníomhartha sin chun tairbhe don dúlra, cuirfidh siad ar chumas daoine an dúlra a thuiscint, agus fásfaidh siad oidhreacht de phobail rathúla, athléimneacha agus inbhuanaithe sa chontae."



Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Údarás Áitiúil Chill Dara

Ról na bPleananna Gníomhaíochta Údarás Áitiúil um Bithéagsúlacht (PGÚÁB)

Déanann na Pleananna Gníomhaíochta Údarás Áitiúil um Bithéagsúlacht an méid seo a leanas...

- cur chuige struchtúrtha a chur ar fáil maidir le caomhnú an dúlra ar leibhéal an údarás áitiúil.
- cabhrú le cuspóirí, straitéisí agus gníomhartha a fhorbairt atá riachtanach chun bithéagsúlacht a chosaint agus a athchóiriú, laistigh de cheantair údarás áitiúil faoi seach.
- gealltanais agus tosaíochtaí bithéagsúlachta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhtháthú.
- bonn eolais a chur faoi obair Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chill Dara ar an leibhéal áitiúil.

Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara 2026-2031** na cuspóirí straitéiseacha agus na gníomhartha a bhféachfaidh Comhairle Contae Chill Dara leo a bhaint amach, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara tábhachtacha, i dtréimhse ama cúig bliana an Phlean.

Rinneadh an plean seo trí úsáid a bhaint as an gconair atá leagtha amach i **dTreoirínte maidir le Pleananna Gníomhaíochta Údarás Áitiúil um Bithéagsúlacht** de chuid na Comhairle Oidhreachta.

Léireoidh na tosaíochtaí agus na gníomhartha sa leagan nua seo de Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara, 2026-2031 na hathruithe a tharla

sa timpeallacht fhisiciúil agus i gcomhthéacsanna sochaíocha níos leithne, rud a thagann le cásanna nua a bhaineann le héiceolaíocht, reachtaíocht, beartas agus Treoracha.

Seo an dara plean den chineál sin a rinne Comhairle Contae Chill Dara; cumhdaíodh an tréimhse 2009 go 2014 sa chéad leagan de **Phlean Gníomhaíochta**

Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara. Idir an dá linn, cuireadh breithnithe maidir le bithéagsúlacht Chill Dara san áireamh sa chuid oidhreachta nádúrtha de Phleananna Oidhreachta an údarás áitiúil, lena n-áirítear an ceann is déanaí: **Plean Oidhreachta Chontae Chill Dara, 2019-2025.** Luafar sa Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta nua na príomhghníomhartha a dhéanfaidh an

chomhairle maidir leis an mbithéagsúlacht,
agus sa Phlean Oidhreacht Chontae Chill
Dara, 2026-2031 leanfar de na cuspóirí

ardleibhéil a áireamh do gach oidhreacht,
lena n-áirítear oidhreacht nádúrtha, sa
chontae ó dhearcadh an údarais áitiúil.

An Comhthéacs Níos Leithne Beartais

Ní saothar aonarach é Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara, cosúil le haon PGÚÁB. Trí na gníomhartha atá liostaithe i gCaibidil 5, tá an Plean seo ailínithe le gealltanais atá ann cheana féin a bhaineann leis an mbithéagsúlacht ar leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, comhlánaíonn sé iad agus neartaíonn sé iad.

Chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint thubaisteach na bithéagsúlachta ar fud an domhain, soláthraíonn **Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch** a bunaíodh in 1992, agus **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe** a glacadh in 2015, creat idirnáisiúnta uileghabhálach le bheith ag obair leis. Tá spriocanna forbartha ag na tionscnaimh dhomhanda sin maidir le caomhnú fiadhúlra agus gnáthóige, athchóiriú éiceachóras agus forbairt inbhuanaithe a réitíonn an bealach le haghaidh gníomh réigiúnach agus áitiúil.

Ar an leibhéal Eorpach, tá na huailmhianta idirnáisiúnta seo leabaithe i **Straitéis Bhitheagsúlachta an AE go dtí 2030**.



Fíor 2: Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Ar an leibhéal náisiúnta in Éirinn, is é an **Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, 2023-**


2030 (PGNB) an plean is ábhartha. Is iad seo a leanas na Cuspóirí Straitéiseacha uileghabhálacha atá ann:

- 1) Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí a Ghlacadh
- 2) Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Caomhnaithe agus Athchóirithe
- 3) Tionchar an Dúlra ar Dhaoine a Chosaint
- 4) Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíocht maidir leis an mBithéagsúlacht
- 5) Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Bhithéagsúlachta Idirnáisiúnta a Neartú

Faoi na cúig chuspóir seo tá 195 gníomh. Tá freagrachtaí ar údaráis áitiúla a bhaineann le 23 de na gníomhartha sin; tá na gníomhartha sin liostaithe in **Aguisín 1** thíos.



**Ireland's 4th National
Biodiversity Action Plan
2023-2030**



**Fíor 3: Leathanach Clúdaigh
Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta
na hÉireann um Bithéagsúlacht**

I measc na bpleananna náisiúnta tábhachtacha eile, tá an **Plean Gníomhaíochta Uisce, an Creat Náisiúnta Pleanála d'Éirinn 2040, Plean Athchóirithe Dúlra na hÉireann** (faoi dheireadh 2026), **Plean Straitéiseach Chomhairle na hOidhreacht, 2023-2028** agus **Plean Pailneoirí Uile-Éireann**. Ar an leibhéal áitiúil, tá **Plean Forbartha Chontae Chill Dara, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chill Dara, Plean Oidhreacht Chontae Chill Dara, agus Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Chill Dara 2025-2029** ailínithe le hoibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Le linn fhorbairt Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae

Chill Dara, 2026-2031, tugadh aird ar na pleananna áitiúla sin, agus é mar aidhm cur leo, tacú leo agus ailíniú leo nuair is féidir. Tá cuntas níos mionsonraithe ar na straitéisí agus na pleananna sin le fáil in **Aguisín 2**.

Reachtaíocht

I measc na reachtaíochta ábhartha ar leibhéal an AE tá: **An Treoir um Éin, An Treoir um Ghnáthóga, an Chreat-Treoir Uisce agus an Dlí um Athbhunú an Dúlra**. Ar leibhéal náisiúnta, tá an **'Acht um Fhiadhúlra'** agus an **tOrdú um Fhlóra (Cosaint), 2015, Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Speicis Choimhthíocha**

Ionracha), 2024 agus na **hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt** lárnach i gcosaint dhlíthiúil an dúlra. Tá cuntas níos

An Grúpa Oibre Bithéagsúlachta

Is grúpa comhairleach neamhreachtuil é Grúpa Oibre Bithéagsúlachta a bhunaigh an t-údarás áitiúil chun breathnuithe agus comhairle a sholáthar maidir le hullmhú, cur chun feidhme agus measúnú Plean Gníomhaíochta Údaráis Áitiúil um Bithéagsúlacht (PGÚÁB) atá cosúil leis an gceann seo. Comhoibríonn an grúpa oibre leis an Oifigeach Bithéagsúlachta Údaráis Áitiúil chun an plean a fhorbairt. Nuair a bheidh an plean curtha i gcrích, cuidíonn an grúpa oibre trí aiseolas agus treoir a sholáthar maidir le cur chun feidhme na gcuspoirí agus na ngníomhartha, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar thionchar an phlean.

De ghnáth, bíonn ionadaithe ó ghrúpaí agus ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara tábhachtacha ar an nGrúpa Oibre Bithéagsúlachta. Níl aon líon forordaithe comhaltaí in aghaidh an ghrúpa. Tá sé tábhachtach go mbeadh raon guthanna ar an mbord, agus líonra láidir ionadaithe ó pháirtithe leasmhara rannpháirteacha chun páirt a ghlacadh i bpróiseas forbartha PGÚÁB. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh líon níos ísle ionadaithe ina chúis le cinnteoireacht níos éifeachtaí, agus le

mionsonraithe ar an reachtaíocht ábhartha le fáil in **Aguisín 3**.

dul chun cinn níos tapúla maidir leis na céimeanna agus na tascanna atá idir lámha. Agus iarracht á déanamh acu freastal ar an dá bhrú sin, bhí 27 comhalta ag Grúpa Oibre Bithéagsúlachta Chill Dara, le haghaidh na bpríomhchéimeanna forbartha.

Tá ionadaíocht ag na hearnálacha seo a leanas ar Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta Chill Dara:

- Eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil áitiúla agus náisiúnta
- Eagraíochtaí áitiúla oidhreachta agus bithéagsúlachta
- Gníomhaireachtaí stáit a bhfuil gabháltais mhóra talún acu agus/nó a bhfuil obair lárnach acu atá ábhartha don bhithéagsúlacht
- Ionadaithe áitiúla forbartha agus gnó
- Ionadaithe talmhaíochta
- Ionadaithe atá tofa go háitiúil
- Baill Foirne Údaráis Áitiúil a bhfuil róil agus freagrachtaí acu a bhaineann leis an mbithéagsúlacht (e.g. Foireann Aeráide, Foireann Páirceanna, Roinn Pleanála)

**Íomhá 1: Ionadaithe ón nGrúpa
Oibre Bithéagsúlachta ag cruinniú i
mí an Mheithimh 2025**



Tábla 1: Comhaltaí de Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta CCCD, 2025

Eagraíocht		Ainm
1	Ionadaí Tofa CCCD	An Clr Noel Heavey
2	Ionadaí Tofa CCCD	An Clr Brian O'Loughlin
3	Ionadaí Tofa CCCD	An Clr Claire O'Rourke
4	SPNF	Killian Brennan
5	Coillte	Niall O'Neil / Mary Clifford
6	BnM	Mark McCorry
7	Iascach Intíre Éireann	Roisin O Callaghan
8	Teagasc	Fiona Doolan
9	Kildare Birdwatch	Neil Bourke
10	An Taisce	Elaine McGoff
11	Uiscebhealaí Éireann	Hazel Conway
12	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann	Denis Halpin
13	Feirmeoireacht don Dúlra	Norman Dunne
14	Comhpháirtíocht Leader Contae Chill Dara	Maeve Howe
15	Turasóireacht/OFÁ	Helen Mulhall
16	CUÚÁ	Ruth Gaj McKeever
17	Líonra Rannpháirtíochta Poiblí	Brian Mc Cabe
18	Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid CCCD;	Stephen O'Reilly
19	Oifigeach Feasachta Comhshaoil CCCD	Richard Curtin
20	Pleanáil chun Cinn CCCD	Martin O'Loughlin
21	Pleanáil chun Cinn CCCD	David Jordan
22	Roinn Páirceanna CCCD	Aoife McMullin
23	Pleanáil chun Cinn CCCD	Carol Forde
24	Bainisteoir Foirne Oidhreachta & Dúlra CCCD	Patricia Hyland
25	Éiceolaí Pleanála CCCD	An Dr Mary O'Connor
26	Oifigeach Oidhreachta CCCD	Dara Wyer
27	Oifigeach Bithéagsúlachta CCCD	An Dr Meabh Boylan

An Plean a Dhréachtú – Míniú ar an bPróiseas

Tá na céimeanna éagsúla de phróiseas forbartha an phlean leagtha amach agus achoimre déanta orthu thíos i dTábla 2, agus sna híomhánna seo agus sna painéil faisnéise seo a leanas.

Tábla 2: Plean Forbartha – An Amlíne

Tréimhse Ama & Céim	Céimeanna a Glacadh
Fómhar 2024 Ullmhúchán	- Forbraíodh Tuarascáil Stádais ar Bhithéagsúlacht i gCill Dara - Rinneadh teagmháil leis an Lucht Ardbhainistíochta, faoin bpróiseas agus faoi bhunú an Ghrúpa Oibre Bithéagsúlachta - Reáchtáladh imeachtaí rannpháirtíochta do phríomhpháirtithe leasmhara
Earrach 2025 Ráiteas Físe	Comhaontaíodh fíis an Phlean leis an nGrúpa Oibre Bithéagsúlachta
Earrach/Samhradh 2025 Comhairliúchán Poiblí Réamhdhréachta	- Forbraíodh Páipéar Plé - Reáchtáladh tréimhse sé seachtaine de chruinnithe agus d'imeachtaí comhairliúcháin chun aighneachtaí a lorg - Óstáladh tairseach aighneachtaí beo ar líne
Samhradh 2025 Forbairt an Phlean	- Breithníodh aighneachtaí, agus sainaitníodh saincheistean agus riachtanais an phobail - Comhaontaíodh cuspóirí agus gníomhartha leis an nGrúpa Oibre Bithéagsúlachta - Ullmhaíodh Dréachtphean - Rinneadh scagadh le haghaidh MC agus MST
Fómhar 2025 Athbhreithniú ar an bPlean	Cuireadh an Dréachtphean faoi bhráid an Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) le haghaidh tuairimí agus formheasa.
Fómhar 2025 Athbhreithniú Poiblí	Comhairliúchán poiblí á reáchtáil ar an Dréachtphean trí thairseach aighneachtaí beo ar líne, cruinnithe pearsanta agus ar líne, ar fud an chontae.
Geimhreadh 2025 Formheas an Phlean	Athbhreithniú ar an Dréachtphean i bhfianaise aighneachtaí comhairliúcháin, agus é a chur faoi bhráid an Lucht Ardbhainistíochta, an CBS agus na comhairle iomláine lena cheadú.
Geimhreadh 2025/2026 Foilsíú	Foilsíú agus seoladh Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chontae Chill Dara.



A snippet of a
future. (Potential)


Pollution Evolution
Diseases

The world has been changed. Mankind is to blame. Mankind has ruined itself and other life. The world is broken.

The planet's course shifted because we said we'd change, but we didn't. The rivers are opaque, the fish that don't lay on top the water swim with no purpose. They are fighting a battle they didn't proclaim. Sky's are ~~permanently~~ depressed and grey. The clouds create a thick layer of despair.

And the plant grow wild, like they have minds, souls of their own, as they take over our infrastructure. The fire's keep burning, lit with rage.

That day may come but that day is not today, We are changing. We have a chance to save our planet, if not for ourselves, then for the others living here. This should be our apology.



Freagairt chruthaitheach duine óig, ar lá ceardlanna a bhaineann leis an dúlra ina scrúdaítear idirghníomhaíochtaí an duine leis an Life, mar chuid den chomhairliúchán réamhdhréachta, mí Aibreáin 2025

Imeachtaí Comhairliúcháin Réamhghrúcháin 2024-2025

- Imeachtaí spriocdhírithe neamhfhoirmiúla (3 san iomlán), Fómhar 2024
- Tairseach comhairliúcháin phoiblí ar líne le Páipéar Plé, beo ar feadh sé seachtaine, Earrach 2025
- Imeachtaí foirmiúla comhairliúcháin phoiblí (5 san iomlán), Earrach 2025
- Imeacht foirmiúil comhairliúcháin ar líne (1 san iomlán), Earrach 2025
- Comhairliúchán dírithe ar an óige (1 san iomlán), Aibreán 2025

Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara - Dréachtmeachtaí Comhairliúcháin 2025

- Tairseach comhairliúcháin ar líne, beo ar feadh sé seachtaine, Fómhar 2025




Date	Time	Activity	Location
Tues 25 th March	6pm-8pm	Drop-in Session 6pm - Short talk on Biodiversity of Co. Kildare	The Chamber, Naes Library & Cultural Centre - W91 E1RT
Wed 26 th March	1pm-3pm	Drop-in Session 1pm - Short talk on Biodiversity of Co. Kildare	Kildare Town Library - R51 P403
Fri 28 th March	2pm-4pm	Drop-in Session 2pm - Short talk on Biodiversity of Co. Kildare	Athy Library - R14 DK33
Tues 1 st April	6pm-8pm	Drop-in Session 6pm - Short talk on Biodiversity of Co. Kildare	Leixlip Library - W23 WR96
Thurs 3 rd April	3pm-5pm	Drop-in Session 3pm - Short talk on Biodiversity of Co. Kildare	Maynooth Library - W23 WR96
Date	Time	Activity	Location
Tues 8 th April	7pm-8pm	Online Session Short presentation, followed by Q&A	Send an email to: biodiversity@kildarecoco.ie to receive the meeting link



Íomhá 2: Rogha íomhánna ó na himeachtaí comhairliúcháin ó mhí Dheireadh Fómhair 2024 go mí an Mheithimh 2025

Caibidil 2
Bithéagsúlacht Chontae Chill Dara



Caibidil 2 - Bithéagsúlacht Chontae Chill Dara

Tá oidhreacht nádúrtha shaibhir agus éagsúil ag Contae Chill Dara, atá fite fuaite lena thírdhreach uathúil, a gheolaíocht, a ithir agus a bhainistiú talún san am atá thart. Tá an contae in Oirthear agus Lár Tíre na hÉireann agus de réir dhaonáireamh 2022, tá daonra de thart ar 247,773 i gCill Dara, agus tá ionaid uirbeacha móra i dtuaisceart an chontae, agus tá méadú ag teacht ar na ceantair uirbeacha sin maidir le méid agus de réir meastacháin reatha, in 2025, tá os cionn 250,000 sa chontae agus go fóill ag fás.

Tá gnáthóga fiadhúlra an chontae éagsúil, lena n-áirítear tailte portaigh, féarthailte, coillearnacha, fáлта sceach, aibhneacha agus canálacha.

Geolaíocht, Ithreacha agus

Príomhchineálacha Gnáthóige

Ó thaobh na geolaíochta de, saintréithe de Chill Dara is ea machaire íseal, torthúil, ar a bhfuil cnoic bheaga amhail Cnoc Alúine agus Cnoc Dhún Muirígh. Tá ceantair ardtalún in oirthear an Chontae atá ar theorainn Chontae Chill Mhantáin agus i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, rud a chuireann le héagsúlacht thopagrafach an chontae. Baineann an ísealchríoch thorthúil leis an talmhaíocht den chuid is mó, idir

portaigh, eanaigh, agus líonra fairsing aibhneacha agus canálacha, agus tá ról ríthábhachtach ag gach ceann acu i gcothabháil bithéagsúlachta an réigiúin.

Tá geolaíocht sách éagsúil ag Cill Dara ina bhfuil sé chineál carraige ghinearálta ar leith. Is cineál ithreach ar a dtugtar lúvasail atá sna hithreacha i gContae Chill Dara den chuid is mó. Bhog cré sna hithreacha sin ón tsraith ag an mbarr go dtí níos doimhne síos i bpróifíl na hithreach. Fágann sé sin go bhfuil siad oiriúnach le haghaidh feirmeoireachta mar go bhfuil cion ard cré iontu agus is féidir leo cothaithigh a choinneáil go maith.

Clúdaíonn portaigh ardaithe limistéar mór d'iarthar an chontae, tá thart ar 10,000 heicteár de thalamh portaigh dhomhain fós sa Chontae agus tá cuid de na portaigh ardaithe is faide soir sa tír ann, e.g. portaigh Chill Bhearaigh in aice le Baile Átha Í, i gCo. Chill Dara. Forbraíodh na portaigh sin i sean-loch-chuacha agus i logáin deasca faoi thuilte sa chontae, agus tá Portach Mouds caomhnaithe go han-mhaith agus is Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta é a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ag baint leis. Tá ithreacha móna iarmharacha fós i limistéar i bhfad níos mó go háirithe in iarthar an chontae agus go leor limistéar de thalamh portaigh iarmharach míntírithe le haghaidh féarach talmhaíochta.

Tá coillearnacha dúchasacha an-teoranta i gContae Chill Dara agus is cosúil gur athghin gach limistéar coillearnaí dúchasaí tar éis iad a ghlanadh. I measc roinnt limistéar ina bhféadfadh cluichreán speiceas dúchasach maireachtáil i gceapacha beaga tá limistéir amhail coillearnacha beaga LON Chnoc an Chorrbaile in aice le Díseart Diarmada, coill Chill Chéile i dtuaisceart an Chontae, agus Coill Choillín Tomáis. In áiteanna eile,

is as planduithe eastáit, amhail Mainistir Uí Mhórdha, Kildangan Stud agus Teach an Chartúin, a thagann coillte duillsilteacha. Mar sin féin, is minic a bhíonn cion suntasach de speicis neamhdhúchasacha amhail an seiceamar, an crann cnó capaill, an fheá agus speicis bhuaircíneacha neamhdhúchasacha ar nós giúiseanna, cufróg agus sprúis le fáil sna suíomhanna sin. Ar an lámh eile, tá méadú tagtha ar fhoraoisiú ó lár an 20ú haois go dtí an lá atá inniu ann, agus tá méid suntasach fáschoillte buaircíní faoi úinéireacht an stáit agus faoi úinéireacht phríobháideach a forbraíodh ar fud Chill Dara, go háirithe in iarthar an chontae.

Ar shiúil ó na príomhaibhneacha, is annamh a bhíonn paistí uisce oscailte, agus cuireann siad luach teoranta ar fáil do ghnáthóga agus do speicis. Tá fásra

nádúrtha fós ann den chuid is mó feadh roinnt bruacha abhann, cé go bhfuil tionchar ag planduithe ar na ceantair sin go minic. Tacaíonn ceantar na Rí agus na bogaigh ghaolmhara sa Chartún le daonraí dhá speiceas seilide rinsigh an-neamhchoitianta, agus leis an speiceas plandaí neamhchoitianta an donnlus glas, agus tá réimsí ar leith feadh na Life ag Baile Osbeird agus Áth Garbháin

spéisiúil freisin, agus an chonair bhruachánach ag Baile Osbeird ag tacú go stairiúil le speiceas crainn sailí neamhchoitianta.

Is dobharlaigh shuntasacha iad an loch saorga sa Chartún, Loch Bhaile na Faiche in aice leis an gCorrchoill, agus Loch na Móna Rua in aice le Baile Éide i gContae Chill Dara. Is iad Loch Bhaile Coimín agus Taiscumar Léim an Bhradáin na lochanna fionnuisce is mó sa Chontae, agus is dobharlaigh shaorga iad araon.

Is iad an Bhearú, an Life agus an Rí na córais abhann is tábhachtaí sa Chontae, agus tá an Bhearú agus an Rí faoi chosaint mar LSCanna.

Tá flóra saibhir ag an gCanáil Ríoga agus ag an gCanáil Mhór agus i gcás na Canála Ríoga áirítear codanna ón tSionainn chomh maith le gnáthphlandaí uisceacha. Tá an dá chanáil faoi chosaint mar Limistéir


Oidhreacht Náisiúnta (LONanna) laistigh den Chontae agus tacaíonn siad le daonra mór éisc ghairbh agus le gnáthóga bruachánacha tábhachtacha in aice láimhe.

Is iad Eanach Bhaile Pholaird agus Portach Mouds na bogaigh is tábhachtaí sa Chontae; tá an dá cheann acu faoi chosaint faoi seach mar Láithreáin Eorpacha um ghnáthóga Eanaigh Alcailigh agus Portaigh Ardaithe agus speicis ghaolmhara

Bedrock Geology



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council




Léarscáil 1: Geolaíocht Bhuncharraige Chontae Chill Dara

Topsoils



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council



Léarscáil 2: Barrithir Chontae Chill Dara

Suíomhanna Ainmnithe le haghaidh Bithéagsúlachta

Tá raon leathan gnáthóg agus speiceas gaolmhar i gCill Dara, agus tá go leor acu faoi chosaint trí ainmniúcháin chaomhnaithe éagsúla mar shuíomhanna faoi chosaint dhlíthiúil. Tá ról ríthábhachtach ag na suíomhanna sin atá faoi chosaint i gcaomhnú oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht an chontae.

Is iad seo a leanas na príomhchineálacha suíomhanna faoi chosaint i gContae Chill Dara:

- **Limistéir Chosanta Speisialta (LCOSanna):** Ainmnítear na suíomhanna seo faoin Treoir um Éin chun speicis éan agus a ngnáthóga a chosaint. Tá siad sin mar chuid de ‘líonra Eorpach Natura 2000’ de shuíomhanna tábhachtacha éiceolaíocha.
- **Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna):** Tá na suíomhanna seo bunaithe faoin Treoir Eorpach um Ghnáthóga Nádúrtha chun gnáthóga agus speicis nádúrtha a chaomhnú. Tá siad sin mar chuid de ‘líonra

Eorpach Natura 2000’ de shuíomhanna tábhachtacha éiceolaíocha.

- **Limistéir Oidhreacht Nádúrtha (LONanna):** tá siad ainmnithe de réir dlí faoin Acht um Fhiadhúlra chun gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a chosaint i limistéir oidhreacht nádúrtha suntasacha, agus tá na **Limistéir Oidhreacht Nádúrtha Beartaithe**

(LONbanna) sainaitheanta mar gheall ar a luach éiceolaíoch, agus iad ag fanacht le hainmniú foirmiúil (tá LONbanna cosanta mar shuíomhanna a bhfuil luach caomhnaithe dúlra acu sa Phlean Forbartha Contae). Tá **Limistéir Oidhreacht Nádúrtha Iarrthóra (LONianna)** comhchosúil leis, ach tá meastóireacht á déanamh orthu le haghaidh cosaint fhéideartha.

- **Anaclanna Dúlra:** Is limistéir thábhachtacha iad seo don fhiadhúlra, atá faoi chosaint faoi ordú ón Aire. Is leis an stát an chuid is mó de na hanaclanna dúlra, ach tá cuid acu á mbainistiú ag eagraíochtaí nó ag úinéirí talún príobháideacha.

- **Suíomhanna Bogaigh Ramsar:**
Ainmnithe faoin gCoinbhinsiún Ramsar mar gheall ar a dtábhacht idirnáisiúnta mar bhogaigh.
- **Suíomhanna Bogaigh Contae:** Faoi chosaint faoi Phleananna Forbartha Contae éagsúla, aithnítear na suíomhanna seo as a luach éiceolaíoch agus bithéagsúlachta.

Suíomhanna Natura 2000

Is líonra Eorpach de shuíomhanna tábhachtacha éiceolaíocha é Natura 2000. Chuir Treoir Eorpach um Ghnáthóga (92/43/CEE) oibleagáid ar Bhallstáit den AE líonra Natura 2000 a bhunú. Tá an líonra comhdhéanta de Limistéir Chosanta Speisialta (LCOSanna), a bunaíodh faoin Treoir Eorpach um Éin (79/409/CEE), agus de Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna), a bunaíodh faoin Treoir um Ghnáthóga féin. Cruthaítear rannchuidiú na hÉireann le Natura 2000 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 (I.R. Uimh. 94 de 1997 arna leasú ag I.R. Uimh. 233 de 1998 agus I.R. Uimh. 378 de 2005). Leis na rialacháin sin trasúitear na teoracha de chuid an AE i ndlí náisiúnta na hÉireann.

Limistéir faoi Chaomhnú

Speisialta i gCill Dara

Is iad Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) na príomhlimistéir caomhnaithe fiadhúlra in Éirinn agus tá tábhacht shuntasach leo ar leibhéal na hEorpa. Ainmnítear na limistéir sin faoin “Treoir um Ghnáthóga” (92/43/CEE), a trasúidh i ndlí na hÉireann trí Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnáthóga Nádúrtha), agus meastar gur Láithreáin Eorpacha faoi chosaint iad mar chuid de Líonra Natura 2000.

Leis an ainmniú sin tugtar cosaint do ghnáthóga sonracha agus do speicis shonracha, lena n-áirítear gnáthóga tosaíochta a bhfuil aird speisialta ag teastáil uathu. Faoi láthair, tá seacht LCS ainmnithe i gContae Chill Dara.


Tá srian ar ghníomhaíochtaí áirithe laistigh de LCSanna agus ní féidir iad a dhéanamh ach amháin le cead ón Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Féadfar na gníomhaíochtaí srianta sin, ar a dtugtar “Gníomhartha Infhógartha”, a athrú ag brath ar an gcineál gnáthóige atá ag an suíomh. Cuirtear cóipeanna de na gníomhartha infhógartha ábhartha ar fáil d’úinéirí talún nuair a ainmnítear suíomh.

LCS Eanach Bhaile Pholaird

Tá sé seo ar cheann de na heanaigh mhórsála chailcreacha nó alcaileacha is mó atá fágtha in Éirinn, agus clúdaíonn sé thart ar 220 heicteár. Tacaíonn sé le raon gnáthóg an-tábhachtach, lena n-áirítear na gnáthóga tosaíochta Eanaigh Chailcreacha ag a bhfuil Sábhsheisc agus Fuaráin Chlochraithe. Tacaíonn sé le raon speiceas plandaí neamhchoitianta amhail an Magairlín Caol agus inveirteabraigh neamhchoitianta amhail an speiceas seilide an-neamhchoitianta Seilide Rinseach Geyer, Seilide Rinseach Béalchaol, Seilide Rinseach Desmoulin agus an Fritileán Réisc neamhchoitianta. Tá an t-eanach ina bhaile do roinnt speicis éin freisin, lena n-áirítear an Naoscach agus an Ghealóg Ghiolcaí.

Gnáthóga agus Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha an LCS

- *Eanaigh chailcreacha ag a bhfuil *Cladium mariscus* agus speiceas den *Caricion davallianae* [7210]
- *Fuaráin chlochraithe ina bhfuil foirmiú túfa (*Cratoneurion*) [7220]
- Eanaigh Alcaileacha [7230]
- *Vertigo geyeri* (Seilide Rinseach Geyer) [1013]
- *Vertigo angustior* (Seilide Rinseach Béalchaol) [1014]
- *Vertigo moulinsiana* (Seilide Rinseach Desmoulin) [1016]



Íomhá 3: Gealóg Ghiolcaí *Emberiza schoeniclus*

LCS Phortach Mouds

Portach ardaithe de thart ar 250 heicteár, tá Portach Mouds an-tábhachtach mar gheall ar a fhlóra agus a fhána portaigh ardaithe. Tacaíonn sé le speicis amhail Lus na Móinte agus an Fritileán Fraoigh Mór agus éin amhail an Naoscach agus an Riabhóg Mhóna. Tá an suíomh tábhachtach freisin mar gheall ar a shláine, agus tá sraith ghníomhach caonaigh portaigh *Sphagnum* spp. atá an-annamh san Eoraip.

Gnáthóga agus Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha an LCS

- Portaigh ardaithe gníomhacha [7110]
- Portaigh ardaithe díghrádaithe atá fós in ann athghiniúint nádúrtha a dhéanamh [7120]
- Meathlú ar shubstráití móna an Rhynchospirion [7150]

LCS na Bearú agus na Feoire

Tá na haibhneacha seo ainmnithe mar gheall ar a ngnáthóga éagsúla, lena n-áirítear foraoisí gláracha, fásra luibheanna arda cois bruach agus fásra abhann ar snámh. Tacaíonn siad le speicis amhail an Bradán Atlantaigh agus an Dobharchú. Tá na haibhneacha tábhachtach freisin mar gheall ar a ndaonraí de speicis Loimpre agus Piardóg Liathbhán (atá buailte ag plá na bpiardóg).

Gnáthóga agus Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha de chuid LCS na Bearú agus na Feoire (atá le fáil i gCo. Chill Dara)

- Sruthchúrsaí ar leibhéal machaire go dtí leibhéal sléibhe ina bhfuil fásra *Ranunculus fluitans* agus fásra *Callitriche-Batrachium* [3260]
- Ardluibheacha hidrifileacha ciumhaise ar mhachairí agus ar shléibhte aníos go dtí an leibhéal Alpach [6430]
- *Fuaráin chlochraithe ina bhfuil foirmiú túfa (*Cratoneurion*) [7220]

- Foraoisí gláracha ina bhfuil *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (Alno-Padion, Alnion incanae, *Salix alba*) [91E0]
- *Vertigo moulinsiana* (Seilide Rinseach Desmoulin) [1016]
- *Austropotamobius pallipes* (An Phiardóg Liathdhonn) [1092]
- *Lampetra planeri* (Loimpre Shrutháin) [1096]
- *Lampetra fluviatilis* (Loimpre Abhann) [1099]
- *Salmo salar* (Bradán) [1106]
- *Lutra lutra* (Dobharchú) [1355]

LCS na Móna Rua, Cill Dara

Is sampla maith é an suíomh seo d'idirbhogach agus de phortach creatha, a chlúdaíonn thart ar 100 heicteár. Tá an portach suntasach mar gheall ar a fheidhmeanna hidreolaíocha agus éiceolaíocha.

Gnáthóga agus Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha an LCS

- Idirbhogaigh agus portaigh chreatha [7140]

LCS Loch Bhaile na Faiche

Is loch éadomhain alcaileach é Loch Bhaile na Faiche, atá suite in aice leis an gCorrchoill i gCo. Chill Dara, ina bhfuil fásra atá ag teacht chun cinn agus is cuid de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta é. Tacaíonn an suíomh le pobail éagsúla plandaí, lena n-áirítear eanach alcaileach, agus tá speicis neamhchoitianta amhail Seilide Rinseach Desmoulin agus an Fritileán Réisc ina gcónaí ann. Tá raon speiceas éan le fáil sa loch agus sa cheantar máguaird, idir speiceas éan goir agus geimhrithe. I measc na n-éan goir tá an Spágaire Tonn, an Mallard, an Chearc Uisce, an Cheart Cheannann, an Naoscach agus an Rálóg Uisce. Ina theannta sin, bíonn Ceolaire Cíbe, an Ghealóg Ghiolcaí agus an Ghilphib ag pórú laistigh den suíomh. Faightear éin uisce geimhrithe amhail an Eala Ghlórach, an Phraslacha, an Mallard, an Fheadóg Bhuí agus an Crotach anseo freisin.

Gnáthóga agus Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha in LCS Loch Bhaile na Faiche

- Eanaigh Alcaileacha [7230]
- *Vertigo moulinsiana* (Seilide Rinseach Desmoulin) [1016]
- *Euphydrys aurinia* (Fritileán Réisc) [1065]

LCS Phortach Bhaile na Faiche

Tá LCS Phortach Bhaile na Faiche suite gar don Chorrchoill i gCo. Chill Dara. Is portach ardaithe é a bhfuil aolchlocha lábacha agus cnoic atá saibhir i gcré faoina bhun. Tá croílár portaigh aird neamhghearrtha agus portaigh réitithe ag an suíomh, ina bhfuil gnáthóga amhail portaigh ardaithe gníomhach, portaigh ardaithe díghrádaithe agus fásra Rhynchosporion (fásra loig móna). Tacaíonn an portach le speicis éagsúla plandaí, lena n-áirítear caonaigh mhóna, Gobsheisc agus Cailís Mhuire Mhór, agus tá éin ghoir amhail an Meirliún, an Crotach agus an Naoscach ina gcónaí ann. In ainneoin damáiste mar gheall ar fhoraoisiú, baint móna agus tine, is limistéar tábhachtach faoi chaomhnú fós é Portach Bhaile na Faiche.

Gnáthóga agus Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha an LCS

- Portaigh ardaithe gníomhacha [7110]
- Portaigh ardaithe díghrádaithe atá fós in ann athghiniúint nádúrtha a dhéanamh [7120]
- Meathlú ar shubstráití móna an Rhynchosporion [7150]



**Íomhá 4: Giolcarnach LCS Loch Bhaile na
Faiche**

Limistéir Chosanta Speisialta (LCOSanna) d'Éin i gCill Dara

Ainmnítear LCOSanna faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú. Leis an treoir sin, tugtar sainordú do Bhallstáit den AE gnáthóga a chosaint d'éin imirceacha agus d'éin áirithe atá faoi bhagairt. Tá LCOSanna mar chuid de líonra Natura 2000, a bhfuil sé mar aidhm aige maireachtáil fhadtéarmach na speiceas agus na ngnáthóg is luachmhaire agus is mó atá faoi bhagairt san Eoraip a chinntiú. Ceanglaítear ar Bhallstáit na limistéir sin a bhainistiú agus a chaomhnú, rud a sholáthraíonn cosaint ghinearálta d'éin a bhfuil speis chaomhnaithe iontu laistigh dá gcríocha.

LCOS Thaiscumar Pholl an Phúca

Cruthaíodh LCOS Thaiscumar Pholl an Phúca, atá suite i mbunchnoic thiar Shléibhte Chill Mhantáin, sa bhliain 1944 trí dhamba a thógáil ar an Life le haghaidh hidreachumhachta. Tá sé ainmnithe faoin

Treoir Eorpach um Éin, rud lena leagtar béim ar a thábhacht maidir le caomhnú éan. Tá an LCOS ainmnithe mar gheall ar láithreach phobail na Gé Glaise agus an Droimnigh Bhig. Is é an taiscumar féin an loch saorga is mó in Éirinn, a chlúdaíonn achar 22.26 km² agus a bhfuil 166 billiún lítear d'fhionnuisce ann, cuid bheag de i gCill Dara. Tá roinnt cineálacha éisc sa loch, lena n-áirítear breac donn fiáin, breac fíochmhar, breac dea-dhathach (stocáilte ag BSL), iasc garbh (róiste, péirse) agus píce. Tacaíonn an loch le daonra tábhachtach áitiúil de Dhobharchúnna freisin. Tacaíonn sé le speicis agus gnáthóga éagsúla plandaí, lena n-áirítear bánta fliucha agus cladaí gainmheacha.

Speicis atá faoi Chosaint mar Leasanna Cáilitheacha an LCS

- Gé ghlas (*Anser anser*) [A043]
- Droimneach Beag (*Larus fuscus*) [A183]




Íomhá 5: Dobharchú, *Lutra lutra*

Natura 2000 Sites



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council




An tSeirbhís Páircenna Náisiúnta
agus Fíadhlra
National Parks and Wildlife Service

Léarscáil 4: Suíomhanna Natura 2000 de chuid Chontae Chill Dara

NHA / pNHA



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council



Léarscáil 5: Suíomhanna

LON/LONbanna Chontae Chill

Dara

Limistéir Oidhreachta Nádurtha i gCill Dara


In Éirinn, ainmnítear Limistéir Oidhreachta Nádurtha (LONanna) chun suíomhanna a bhfuil luach caomhnaithe nádúrtha ag baint leo a chosaint. Soláthraítear san Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 an creat dlíthiúil chun LONanna a ainmniú agus a chosaint. Faoi Acht, tá LONanna cosanta de réir an dlí ón dáta a mholtar go foirmiúil iad. Déanann an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) maoirseacht ar chosaint na limistéar sin, rud a chinntíonn nach ndéanann aon fhorbairt ná gníomhaíocht laistigh de na LONanna dochair do na gnáthóga agus do na speicis atá faoi chosaint. Mar Údarás Pleanála Áitiúil (ÚPÁ), tá sé de dhualgas ar Chomhairle Contae Chill Dara bithéagsúlacht a chur san áireamh agus iarratais phleanála a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na LONanna á measúnú aici.

Sa bhliain 1981, shainnadh an Foras Forbartha 27 Limistéar le Tábhacht Eolaíochta (LTE) i gContae Chill Dara mar

chuid d'fhardal náisiúnta. Roghnaíodh na limistéir sin mar gheall ar a dtírdhreach uathúil, a ngnéithe geolaíocha, a ngnáthóga agus a speicis. Idir 1991 agus 1994, rinneadh suirbhéireacht arís ar na limistéir sin is díol spéise iad ó thaobh éiceolaíochta de agus ainmníodh cuid acu ina dhiaidh sin mar LONanna. Fuair cuid de na suíomhanna sin dhá ainmniú mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus LONanna freisin, ach déantar plé anseo ar shuíomhanna a bhfuil ainmniú neamhspleách acu mar LONanna amháin.

Roimh an ainmniú foirmiúil faoi Acht um Fhiadhúlra (Leasú), ba iad na Pleananna Forbartha Contae an príomhshásra cosanta le haghaidh LONanna.

Níl ach dhá shuíomh i gCo. Chill Dara ainmnithe go foirmiúil mar LONanna, is iad sin Portach Bhéal an Fheá agus Portach Chairbre (**i gcló trom** sa liosta thíos). Faoi láthair tá 16 LONb/LON i gContae Chill Dara. Leantar de na ceantair sin a chosaint agus a bhainistiú chun a dtábhacht éiceolaíoch a chaomhnú.



Íomhá 7: LONb Coill Chill Chéile

Limistéir Oidhreachtá Nádurtha Chontae Chill Dara	
1. Portach Bhaile an Fheá 00390	9. An Chanáil Mhór 02104
2. Gleann na Bearú ag Droichead Bhaile Thancaird 00858	10. Portach Bhaile Hoiste 01393
3. Portach Chairbre 01388	11. Coill Chill Chéile 01394
4. Cnoc an Chorrbaile 01389	12. An Life ag Baile Osbeird 01395
5. An Currach 00392	13. Bruach na Life ag Áth Garbháin 01396
6. Oileán Derryvullagh 01390	14. Crios Lúibe Ghleann na Life 00393
7. Coill Dhomhnach Dheá 01391	15. Páirc na Darach 00810
8. Riasca Dhún Luáin 01772	16. An Chanáil Ríoga 0210

Suíomhanna Eile atá faoi

Chosaint don Dúlra

Anaclanna Dúlra i gCill Dara

Is limistéar tábhachtach don fhiadhúlra é Anaclann Dúlra, atá faoi chosaint faoi ordú ón Aire. Is leis an Stát an chuid is mó díobh. Mar sin féin, is le heagraíochtaí nó le húinéirí príobháideacha talún roinnt acu, agus is féidir le daoine a bhfuil spéis acu i gcosaint reachtúil a fháil dá dtailte comhairle a lorg ón Roinn maidir leis.

Mar atá leagtha amach thuas, is LCS é Eanach Bhaile Pholaird. Tá stádas Anaclainne Dúlra aige freisin – is é an t-aon cheann sa chontae é.

Suíomh: Suite ar imeall thuaidh an Churraigh, thart ar 3 chiliméadar siar -siar ó thuaidh ó Dhroichead Nua.

Domhanleithead: 53.1835908

Domhanfhad: -6.8457528

Cur síos: An sampla is mó (130ha) atá fágtha agus den chaighdeán is fearr d’eanach a chothaítear le fuarán in Éirinn,

ina bhfuil líon mór speiceas agus pobail ar saintréithe na n-eanach iad.

Bunaithe: 1986

Úinéireacht: Anaclann Dúlra faoi úinéireacht an Stáit

Suíomhanna Bogaigh Ramsar i gCill Dara

Tá Eanach Bhaile Pholaird faoi chosaint bhreise mar go bhfuil sé liostaithe mar Láithreán Ramsar – is é an t-aon cheann a bhfuil an t-ainmniú sin aige sa chontae.

Suíomhanna Bogaigh Contae

Idir 2012 agus 2014, choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Dara suirbhé agus mapáil 141 bogach sa chontae mar chuid de staidéar trí bliana ar a dtugtar Suirbhé ar Bhogaigh Chontae Chill Dara. Leis an staidéar sin, fuarthas amach go raibh thart ar 8,242 heicteár nó 4.9% de Chontae Chill Dara clúdaithe le bogaigh, a bhfuil achar dromchla iomlán de thart ar 1,695 km² aige. Tá na suíomhanna sin faoi chosaint tríd an bPlean Forbartha Contae trí

- **Cuspóir BI O49** “Suíomhanna bogach a chosaint a bhfuil tábhacht A (Idirnáisiúnta), B (Náisiúnta) C+ (Contae) agus C (Áitiúil) tugtha dóibh mar atá sainaitheanta i Suirbhé ar Bhogaigh Chontae Chill Dara, 2012-2014. Ba cheart aon fhorbairt laistigh de chrios tionchair na suíomhanna bogaigh

sin atá liostaithe a bheith faoi réir measúnacht tionchair éiceolaíoch agus i gcás inarb iomchuí, faoi réir measúnacht tionchair hidreolaíoch, agus

- **Cuspóir BI O50** Bogaigh a chosaint agus a chaomhnú ó líonadh isteach, ó dhraenáil, ó scoilteadh, ó dhíghrádú, agus cur i gcoinne forbartha a scriosfadh, a scoiltfeadh, nó a dhíghrádódh aon bhogach a sainaitheanódh mar chuid de Shuirbhé ar Bhogaigh Chontae Chill Dara, 2012-2014

Suíomhanna Bithéagsúlachta

Tábhachtacha Áitiúla Eile

Tá go leor suíomhanna tábhachtacha eile ann don bithéagsúlacht i gCill Dara nach mbaineann leas as aon chosaint fhoirmiúil. I measc go leor de na suíomhanna sin atá saibhir ó thaobh na héiceolaíochta de, tá gnáthóga nach bhfuil chomh coitianta, amhail coillearnacha, féarthailte leathnádúrtha, srutháin, aibhneacha, dobharlaigh eile, agus coimíneacht i measc nithe eile, agus i gcásanna áirithe níl siad ar eolas ach go háitiúil.

Tacóidh taifeadadh agus mapáil na suíomhanna sin le tuiscint níos fearr ar an nasc (nó a mhalairt) idir gnáthóga nádúrtha, agus ceantair atá níos fiáine sa Chontae, trína bhféadann fiadhúlra beathú, imirce a dhéanamh agus fás.

Caibidil 3
Baoil agus Dúshláin don Dúlra i
gCill Dara

Caibidil 3 - Baoil agus Dúshláin don Dúlra i gCill Dara

Tá meath tubaisteach tagtha ar an dúlra le déanaí.¹ De réir na Tuarascála, The Living Planet, de chuid Chiste Domhanda an Fhiadhúlra le haghaidh 2024, tá meath 73% tagtha ar mheánmhéid pobal fiadhúlra in imeacht 50 bliain agus sin amháin, rud a léiríonn ‘córas atá i mbaol’.

Is féidir formhór na gcúiseanna leis an meath sin a chur i leith tionchair dhíreacha nó indíreacha ghníomhaíochtaí an duine. Tá damáiste mór déanta ag an tsochaí dhaonna do go leor speiceas agus gnáthóg, maidir le scriosadh gnáthóg, scoilteadh agus díghrádú, truailliú, barraíocht seilge agus géarleanúint.

Leanann na treochtaí diúltacha éiceolaíocha ar aghaidh go gasta i mbeagnach gach cearn den domhan sa lá atá inniu ann. Ní 'in áit eile' atá na caillteanais neamhghnácha sin ar fad ag tarlú, áfach, is anseo in Éirinn agus i gCill Dara a bhí siad agus tá siad ag tarlú.

Trí mhodhanna eolaíocha éagsúla is féidir ‘breathnú siar’ chun tuiscint a fháil ar na tírdhreacha, na speicis agus na héiceachórais a bhí ann i fadó. Mar shampla, is féidir le taifid phailine eolas a thabhairt dúinn faoi na gnáthóga agus na

speicis is mó a bhí ann i réanna éagsúla sa réamhstair agus sa stair. Dá bhrí sin, is féidir linn faisnéis a bhailiú faoin gcaoi ar tháinig athrú ar na tírdhreacha sin thar na mílaoiseanna. Le taifid stairiúla agus eolaíocha níos déanaí in Éirinn, lena n-áirítear taifid a choinnigh go leor nádúraithe díograiseacha sa 19ú agus sa 20ú haois, is féidir linn a fheiceáil go mion go leor de na hathruithe sách tapa a tharla sa dúlra le déanaí.

I measc na bpríomhbhrúnna ar bhitheagsúlacht i gcomhthéacs na hÉireann tá diansaothrú talmhaíochta, foraoiseacht tráchtála, scaipeadh forleathan speiceas ionrach, brúnna forbartha lena n-áirítear fuinneamh gaoithe agus gréine ar scála mór, acmhainní a bhaint agus méadú ar uirbiú. Tá tírdhreacha, gnáthóga agus speiceas nádúrtha á gcailleadh againn fós ar rátaí scanrúla, ach is cosúil nach bhfuil imní ar dhaoine. B’fhéidir gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar an gcúis a d’fhéadfadh a bheith leis sin trí bhreithniú a dhéanamh ar an bhfeiniméan ar a dtugtar “siondróm an bhonnlíne aistrithe”.

Siondróm an Bhonnlíne Aistrithe

Chum Daniel Pauly, saineolaí iascaigh, an téarma seo sa bhliain 1995, nuair a thuig sé go raibh claonadh ag comhghleacaithe

¹ www.worldwildlife.org/publications/2024-living-planet-report

daonraí stoic éisc a mheas trí iad a chur i gcomparáid leis an ráta bonnlíne ag tús a ngairmeacha beatha faoi seach, seachas i gcomparáid leis na sonraí éisc is luaithe a bhí ar fáil, nó le daonraí éisc ina staid nádúrtha. Mar thoradh air sin, bhí sé in ann a thuiscint go raibh pointe tosaigh ‘nádúrtha’ á shainmhíniú ag gach glúin nua taighdeoirí. Ar an gcaoi chéanna, aon uair a thagann leanbh i dteagmháil leis an dúlra ar dtús, is í an taithí sin an bhonnlíne a ndéanfar breithiúnais agus comparáidí amach anseo ina coinne, agus mar thoradh air sin bíonn tuiscint curtha as a riocht ar ‘conas’ atá ag éirí leis an dúlra. Ní bhíonn cailliúint speiceas agus saibhris éiceolaíoch sa tírdhreach le feiceáil go soiléir le linn shaolré duine ach ar éigean. Mar sin, is dócha go mbraitheann sé neamhréireach le taithí shaoil fhormhór na ndaoine nuair a deirtear leo go bhfuil ‘práinn’ nó ‘éigeandáil bithéagsúlachta’ ann.

Is dócha go gcabhróidh comhrá le duine sna hochtóidí le duine ar bith tuiscint a fháil go tapa ar conas atá an dúlra ídithe le roinnt blianta anuas. Is dócha go nochtfaidh comhrá den sórt sin freisin conas atá an caidreamh idir daoine agus an dúlra athraithe go mór, laistigh den tréimhse chéanna sin.

Ag féachaint ar ráta cailliúint speiceas agus gnáthóg de réir tréimhse gheolaíoch, tá sé ag tarlú i bhfaiteadh na súl.

Tá córais a bhí ag forbairt le blianta fada á ndíchoimeáil tríd is tríd thar oíche. Má leantar ar aghaidh leis, beidh tionchar aige ar gach gné de shaol an duine ar Domhan.

Treochtaí Bithéagsúlachta na hÉireann

Is iad díghrádú gnáthóige agus cailliúint gnáthóige na cúiseanna is mó atá le cailliúint na bithéagsúlachta in Éirinn, lena n-áirítear trí athruithe ar chleachtais talmhaíochta, foraoisiú drochbhainistithe, draenáil, truailliú agus éifeachtaí speiceas ionrach. Maidir leis an athrú aeráide, a mheastar a bheith mar chúis le cailliúint na bithéagsúlachta le fada an lá, tá an tionchar aige ag dul i méid.



Íomhá 9: Laghortach Chairbre, Contae Chill Dara

Géarchéim na Bithéagsúlachta in Éirinn:

Roinnt Fíricí Ceannlínte



- Den 31,000 speiceas is eol a bheith le fáil in Éirinn, ní dhearna measúnú ach ar thart ar 10% díobh. I measc na speiceas sin a ndearnadh measúnú orthu, tá ceann amháin as gach cúig speiceas i mbaol díothaithe.
- Tá stádas neamhfhabhrach ag beagnach 85% de na gnáthóga atá faoi chosaint an AE agus ag beagnach an tríú cuid de na speicis atá faoi chosaint an AE in Éirinn.
- Tá meath tagtha ar bhreis is leath de na speicis plandaí dúchasacha Éireannacha le 20 bliain anuas.
- Tá meath ag teacht ar bhreis agus 20% de speicis éan goir agus 52% de phríomhspeicis éan geimhrithe.
- Tá an timpeallacht mhuirí faoi bhagairt freisin, agus 48 speiceas i mbaol díothaithe.
- Tá méadú tagtha ar 80% de na speicis neamhdhúchasacha a tugadh isteach in Éirinn ó 1500 i leith, agus cuid acu ag éirí ionrach agus ag cur isteach go diúltach ar fhlóra agus fána dúchasach.
- Go stairiúil, bhain 61% d'aibhneacha stádas sásúil amach idir 1987 agus 1990, ach thit an méid go 55% d'aibhneacha a bhain stádas sásúil amach idir 2020 agus 2023 (GCC, 2024).
- Tá meath tagtha ar líon na n-aibhneacha a bhain ardstádas amach ó 27% go 16%, agus tá an meath is suntasaí tagtha ar uisce gan smál (i.e. Q5).
- Tá meath tubaisteach tagtha ar an mbradán Atlantach agus ar an eascann Eorpach.
- Tá an diúilicín péarla fionnuisce, an t-ainmhí is faide atá beo in Éirinn, i mbaol díothaithe, agus ní bhaineann daonraí pórucháin inmharthana ach le roinnt áiteanna anois.
- Tá ceann amháin as gach tríú speiceas beach fiáin i mbaol díothaithe. Léirítear i Scéim Monatóireachta Bumbóg na hÉireann laghduithe innéacs daonra 14% le sé bliana anuas

SPOTSOLAS: The Plant Atlas 2020²



In The Plant Atlas 2020 cuireadh torthaí fiche bliain taighde ar fhlóra na hÉireann i láthair. Tuairiscítear san atlas go bhfuil níos mó ná leath de na speicis plandaí dúchasacha in Éirinn ag dul i laghad, agus na cailliúintí is mó á gclárú ag féarthailte dúchasacha.

Cuireadh beagnach 3 mhilliún taifead plandaí ar 1,939 speiceas, a bhailigh 2,500 luibheolaí, le tionscadal an Atlais. I measc na bpríomhthreochtaí a tháinig chun cinn i suíomh na hÉireann bhí na nithe seo a leanas:

- Tá meath tagtha ar raon agus ar fhairsing fhormhór na speiceas plandaí Éireannacha (56%), nó ar an dá rud.
- Is iad plandaí féarthailte dúchasacha na cinn is mó a d'fhulaing, ach tá meath tagtha ar go leor plandaí lochanna agus bogach freisin.
- I gcodarsnacht leis sin, tá méadú tagtha ar an tromlach mór (80%) de na speicis a tugadh isteach in Éirinn ó 1500 i leith. Tá formhór na speiceas neamhdhúchasach sin neamhurchóideach ach tá cuid acu ionrach, agus drochthionchar acu ar an bhflóra dúchasach.

De réir na tuarascála, bhí tionchar tubaisteach ag an bhfeirmeoireacht agus ag an bhforaoiseacht ar phlandaí fiáine na hÉireann ó na 1950idí i leith. Tá go leor de na gnáthóga a bhfuil plandaí fiáine dúchasacha ag brath orthu scriosta nó athraithe ag cleachtais foraoiseachta agus feirmeoireachta ó na 1950idí i leith, agus is iad plandaí féarthailte is mó a ndearnadh difear dóibh.

Tá meath ar speiceas curtha i leith drochthorthaí mar gheall ar athshíolú, ar róleasú, ar shil-leagan nítrigine, ar luibhicídí, ar dhraenáil ithreach, agus ar athruithe ar innilt. Tá tionchar ag na cleachtais sin ar ghnáthóga lochanna agus bogach freisin.

Tá go leor tailte portaigh curtha le crainn bhuaircíneacha nó aistríodh iad le húsáid le haghaidh cúrsaí talmhaíochta, rud a fhágann go ndéantar plandaí dúchasacha portaigh a eisiámh. Tá na gnáthóga sin ríthábhachtach freisin chun carbóin a stóráil; tá a n-athbhunú riachtanach má táimid chun spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach.

² <https://bsbi.org/plant-atlas-2020-in-ireland>



SPOTSOLAS: *An Atlas of Butterflies in Ireland 2010-2021*³

In *An Atlas of Butterflies in Ireland 2010-2021* déantar mapáil ar dháileadh na tríocho a cúig féileacán atá le fáil in Éirinn; déantar comparáid idir na dáiltí roimh 2010 agus iad siúd le linn na tréimhse 2010-2021. Déantar mapáil ar dháileadh gach speicis ar an leibhéal 10km agus tá léarscáileanna breise níos mionsonraithe ann de thrí speiceas neamhchoitianta, ina ndéantar a ndáiltí a mharcáil. Sna taifid a bailíodh don atlas seo tugtar léargas ar threochtaí daonra san am atá thart agus feidhmíonn siad mar bhonnlíne ar féidir taifid amach anseo a chur i gcomparáid léi. Go ginearálta, is cúis imní iad torthaí na hoibre sin.

Seo a leanas cuid de na torthaí is tábhachtaí:

- Laghdaigh an Barr Buí faoi -68% idir 2008 agus 2021 agus chaill sé níos mó ná 10% dá dháileadh ó 1995-2009.
- Tá cailliúintí móra tagtha ar speicis choitianta bánóige eile freisin:
 - o Bánóg Mhór – 76%,
 - o Bánóg Bheag – 77%
 - o Bánóg Uaine -87.2%.
- Maidir leis na 15 speiceas is coitianta, is é -55.35% an meath meánach idir 2010 agus 2021.
- Taifeadadh an meath ba mhó ar an bhFáinneog, -88%
- Chaill an Geatóir 40% den dáileadh a bhí aige roimh 2010
- Níor léirigh ach speiceas amháin, an Gormán Cuileann, méadú ar mhéid an daonra le linn na tréimhse 2010-2021.

³ <https://shop.biodiversityireland.ie/products/an-atlas-of-butterflies-in-ireland-2010-2021>

Cúiseanna le Cailliúint na Bithéagsúlachta i gCill Dara

Cailliúint agus Scoilteadh Gnáthóige

Trí athruithe a dhéanamh ar an tírdhreach chun freastal ar riachtanais agus mhianta an duine, tá limistéir nádúrtha athraithe nó scriosta go mór. Bíonn bóithre, foirgnimh, tithe agus bonneagar crua eile neamhoiriúnach d'fhormhór na speiceas neamhdhaonna. Chomh maith leis an athrú iarbhir ar na limistéir fhisiciúla sin, féadfaidh forbairtí srian a chur le saorghluaiseacht idir na limistéir atá fágtha de ghnáthóg oiriúnach. D'fhéadfadh sé sin a bheith trí chur isteach, soilsiú, fálú bacainní, bóithre contúirteacha agus mar sin de. Is é an toradh ná go bhfuil go leor ceapacha gnáthóige scoilte sa tírdhreach. De ghnáth, tacaíonn ceapacha níos lú le níos lú speiceas. D'fhéadfadh roinnt créatúir amhail éin áirithe a bheith in ann bogadh go réasúnta saor idir go leor ceapacha gnáthóige atá fágtha, ach is féidir go mbeidh go leor speiceas scoite amach go feidhmiúil mar gheall ar na blúirí; d'fhéadfadh nach mbeadh mamaigh, inveirteabraigh agus amfaibiaigh ábalta ceapach eile a

shroicheadh go rathúil, agus dá bhrí sin bíonn ionphórú sna daonraí, agus ní bhíonn siad ábalta rochtain a fháil ar chothaithigh leordhóthanacha agus ar fhuinneamh leordhóthanach.

D'fhéadfadh

go mbeadh brúnna den sórt sin ina gcúis le díothú áitiúil sa deireadh.

Foraoiseacht Tráchtála, Diansaothrú Talmhaíochta agus Draenáil

Ó lár an 20ú haois ar aghaidh, thosaigh foraoiseacht tráchtála a tugadh isteach agus cleachtais feirmeoireachta a bhí ag éirí níos déine ag cur isteach ar an dúlra in Éirinn.

Ag an am, ba é an plandú buaircíneach a bhí i gceist le cuid mhór den fhoraoisiú ar ar measadh a bheith ina 'talamh imeallach', lena n-áirítear limistéir ardtailte agus tailte portaigh. Mar thoradh ar na hoibreacha draenála chun an talamh a thriomú chun rochtain a éascú d'innealra trom



Íomhá 10: Raideog *Myrica gale*

agus chun fás crann a spreagadh, tháinig athruithe ollmhóra ar leibhéal an uisce,

agus bhí tionchar suntasach aige ar an mbithéagsúlacht sna limistéir fásaigh sin a bhíonn sách fairsing uaireanta.

Maidir le dianú cleachtais feirmeoireachta le linn na tréimhse céanna, lena n-áirítear athruithe ar chórais ghearrtha, bainistíocht fála, draenáil talún, úsáid lotnaidicídí, méadú ar rith chun srutha cothaitheach ó úsáid mhéadaithe leasacháin, agus gluaiseacht i dtreo níos mó feirmeoireacht mhonashaothraithe, chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar éiceachórais talún agus fionnuisce.

Speicis Choimhthíocha Ionracha

Is orgánaigh iad speicis ‘choimhthíocha’ a tugadh isteach i limistéar atá lasmuigh dá raon nádúrtha. Is féidir le cuid de na speicis sin a bheith ‘ionrach’, ag brath ar an áit a dtagann siad i dtír, agus cé chomh maith agus a oireann an timpeallacht nua dá modh fáis agus atáirgthe. Más timpeallacht shéimh do speiceas coimhthíoch atá ann, is féidir leis an speiceas sin scaipeadh go tapa agus an flóra agus an fána dúchasach a shárú. Is féidir leis sin a bheith ina fhadhb ollmhór mar is féidir leis cur isteach ar éiceachórais iomlána.

I gCill Dara, is plandaí iad formhór na speiceas coimhthíoch ionrach, lena n-áirítear an Ghlúineach Bhiorach, an Geathar Buí, an Balsam Himiléach agus an Feabhrán Capaill.

Meastar freisin go bhfuil plá na bpiardóg an-ionrach agus gur fadhb í anois ar fud cuid mhór den chontae.

Tá bagairt leanúnach ann ó speicis choimhthíocha ionracha nua agus iad siúd atá ag teacht chun cinn. Mar shampla, faoi láthair táimid ar an eolas faoi láithreach na Pearaicíte Rósbhráisléadaí ag roinnt suíomhanna i gCill Dara. Tuairiscíodh an

Chornfhoiche Áiseach agus an Niút
Alpach i gcontaetha in aice láimhe agus
is dócha go bhfuil siad ar na bacáin le
haghaidh Chill Dara.

Truailliú

Tá riosca tromchúiseach ann
d'fhiadhúlra agus do ghnáthóga ar fud
Chill Dara de dheasca truaillithe, i
ngach foirm. Is iad na dobharlaigh is mó
atá i mbaol ó thruailliú cothaitheach
agus lotnaidicídí. Is é an timpeallacht
talún, lena n-áirítear iad siúd i gceantair
bhruachánacha, an ceann is
soghabhálaí i leith truailliú lotnaidicídí
agus solais.

Is truailléain sách coitianta inár
gcomhshaol iad ceimiceáin amhail
nítrigin agus fosfar. De ghnáth, tagann
siad ó fhoinsí talmhaíochta ina
scaiptear leasacháin cheimiceacha
agus aoileach ar thalamh chun fás barr
a fheabhsú. Is minic a ritheann
barraíocht ceimiceán, nach n-
ionsúitear, den talamh, agus í ag dul
isteach i srutháin agus in aibhneacha.
Bíonn ardleibhéil de na cothaithe sin
san uisce ina gcúis le heotrófú
dobharlach fionnuisce atá buailte, rud a
d'fhéadfadh an-dochar a dhéanamh

don éiceachóras. Is féidir le dobharlaigh
a bheith éillithe freisin de dheasca rith
chun srutha ó fhoinsí talún nó
gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear
rósceitheadh séarachais agus rith chun
srutha uirbeach.

Is eol freisin go mbaineann
drochthorthaí le húsáid lotnaidicídí san
fheirmeoireacht agus in áiteanna eile do
dhaonraí fiadhúlra. Is eol go mbíonn
drochthionchar ag luibhicídí agus ag
lotnaidicídí feithidí ar speicis nach
spriocspeicis iad amhail beacha fiáine
agus beacha meala. Is fadhb mhór í an
chreimiricíd freisin sa mhéid is go
ndeachaigh sí tríd an mbiashlabhra,
agus is eol go mbailíonn sé i
gcreachadóirí, amhail éin chreiche, lena
n-áirítear Scréachóga Reilige. Tagann
ardú ar roinnt dáileoga neamh-
mharfacha de réir a chéile chun go n-
éiríonn creachadóirí róthinn le fiach go
héifeachtach agus is minic a thagann
bás orthu mar thoradh air. Is fadhb atá
ag méadú i gcónaí é Soilsíú Saorga san
Oíche (SSSO) do speicis lena roinneann
muid an Domhan. Tá straitéisí
marthanais forbartha ag go leor
ainmhithe atá ina gcúis leo teacht
amach san oíche. Is dócha gur oiriúnú é
a bheith gníomhach san oíche chun brat

an dorchadais a úsáid chun nach gcreachfar orthu (e.g. leamhain & creimirí) agus ag creachadóirí speisialaithe atá forbartha chun creach den sórt sin a fhiach gan brath ar spreagthaigh amhairc (e.g. ialtóga agus Scréachóga Reilige). Tá forbairt tagtha ar na créatúir an-speisialaithe sin chun oibriú sa dorchadas agus chun a mbealach a dhéanamh amach go minic trí úsáid a bhaint as na foinsí solais nádúrtha oíche: an ghealach agus na réaltaí. Is féidir le soilsiú saorga san oíche cur isteach go mór ar an gcaoi a dtéann na créatúir sin i mbun a gcuid sealgaireachta. Is eol go gcuireann ialtóga moill ar an am a dtagann siad amach as a bhfaráí, go n-athraíonn siad a mbealaí comaitéireachta agus go n-athraíonn siad a limistéir shealgaireachta, mar fhreagairt ar SSSO⁴.

An tAthrú Aeráide

Tá géarchéim na bithéagsúlachta agus géarchéim na haeráide fite fuaite lena chéile. Cuireann scrios spásanna nádúrtha amhail coillearnacha agus tailte portaigh dlús leis an ráta ag a bhfuil an aeráid ag athrú, agus ar an

gcaoi chéanna tá tionchar ag an aeráid atá ag athrú ar inmharthanacht gnáthóg agus speiceas trí dhálaí foircneacha atá ina gcúis le tuitte, falscailte, triomaigh agus stoirmeacha cumhachtacha díobhálacha.

Tá athrú beag ar uainiú ár séasúr freisin, rud a mbíonn tionchar aige ar ár bhfiadhúlra. Tá cloig bhitheolaíoch go leor speiceas mínchoigeartaithe chun a bheith ag teacht le buaicphointí i líonmhaireacht chreiche, nó le tréimhsí bláthaithe plandaí áirithe; agus na hamlínte sin ag athrú bliain i ndiaidh bliana, beidh na speicis spleácha sin ag streachailt le maireachtáil.

Is féidir go rachaidh idircheangail na gcóras bitheolaíoch agus aeráide chun tairbhe dúinn agus muid ag iarraidh an dá ghéarchéim a réiteach. Ní hamháin go gcosnaítear bithéagsúlacht le réitigh dúlrbhunaithe, amhail foraoisí, criosanna bruachánacha agus bogaigh a chosaint agus a athchóiriú, ach bíonn cobhsú teocht áitiúla, stóráil carbóin agus ceapadh carbóin mar thoradh orthu freisin.

⁴ [Nóta Treorach 8 Bats and Artificial Lighting | Institution of Lighting Professionals](#)

Suaithheadh

Le blianta beaga anuas, tá bonneagar nua siúil agus rothaíochta tar éis limistéir fiadhúlra a bhí iargúlta roimhe seo a dhéanamh níos inrochtana do dhaoine chun críocha taitneamhachta. Tá a fhios againn go mbaineann buntáistí d'fholláine an duine le spásanna fiáine glasa, ach tá sé tábhachtach go roghnaítear suíomhanna go straitéiseach le haghaidh taitneamhachta, agus go spreagtar iompar cuí an duine ag suíomhanna nádúrtha. Tá roinnt speiceas thar a bheith cúthail agus íogair do shuaithheadh. Is féidir le láithreach daoine, nó fiú daoine ag dul thar bráid cur isteach ar chumas créatúir dul ar thóir foráiste ar bhealach éifeachtach. Más gá a leibhéil faireachais a bheith ard, agus iad ag súil le daoine a bheith thart, laghdaítear a gcuid ama ag dul ar thóir foráiste. Ina theannta sin, má bhíonn orthu am a chaitheamh ag éalú go rialta, sula bhfillfidh siad go mall chun an leibhéal

sábháilteachta a athmheasúnú sula dtosaíonn siad ag dul ar thóir foráiste arís, beidh ráta glan iontógála fuinnimh i bhfad níos ísle mar thoradh air. Ní hamháin go mbíonn tionchar aige sin ar shláinte ainmhí aonair, ach is féidir leis tionchar mór a imirt freisin ar thorthaí pórúcháin speiceas sa cheantar atá ag iarraidh óga a thógáil.

D'fhéadfadh madraí a bheith ina mbagairt bhreise i dtaca le suaithheadh. I gceantair ina bhfuil éin ag neadú ar an talamh, is féidir go mbeadh níos mó i gceist ná suaithheadh ar bheathú amháin, is féidir go scriosfar neadacha agus go dtréigítear neadacha de bharr struis.

Tá sé tábhachtach gluaiseacht daoine chuig láithreáin íogaire a rialú, mar atá an riachtanas madraí a choinneáil ar iall i gceantair fhiáine, ó cheann ceann na bliana, agus go háirithe le linn shéasúr pórúcháin na n-éan (Earrach go Fómhar).

Caibidil 4
Deiseanna don Dúlra i gCill Dara

Caibidil 4-Deiseanna don Dúlra i gCill Dara

I gCill Dara tá tírdhreacha áille, gnáthóga fairsinge, agus daingneáin do raon speiceas neamhchoitianta agus atá i mbaoil. Is baile freisin é do go leor pobail thiomanta, eagraíochtaí comhshaoil agus daoine aonair, gach duine díobh tiomanta d'oibriú ar chaomhnú fiadhúlra agus athchóiriú gnáthóg ar fud an chontae.

Tá tiomantas soiléir léirithe ag Comhairle Contae Chill Dara freisin chun gníomhú ar son na bithéagsúlachta, trí sholáthar foirne, leithdháiltí maoinithe agus comhtháthú cleachtas, tionscadal agus pleananna dearfacha ó thaobh an dúlra de atá á gcur chun feidhme ar fud go leor rannóg san eagraíocht.

Agus í ag leanúint leis an obair sin agus ag tógáil ar fhuinneamh na gclár agus na dtionscadal roimhe seo, tá Contae Chill Dara i gcoitinne, agus le hobair agus tacaíocht leanúnach an Údaráis Áitiúil, in áit láidir chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh ar son na bithéagsúlachta, agus chun dul ar aghaidh le hobair a chur chun cinn i gcosaint, i gcaomhnú agus in athchóiriú an dúlra.

Sa chuid seo féachtar le haird a tharraingt ar shampla beag de thionscadail agus de ghníomhaíochtaí ar thug Comhairle Contae Chill Dara fúthu nó ar thacaigh Comhairle Contae Chill Dara leo le blianta beaga anuas. Tá formhór na dtionscnamh anseo faoi stiúir daoine agus grúpaí speisialaithe i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle nó le tacaíocht uathí.

Tá na cás-staidéir sin a chuirtear i láthair anseo nasctha go téamach le cuspóirí beartaithe Phlean Gníomhaíochta nua Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026 -2031 (féach Caibidil 5), agus níl iontu ach léargas ar chuid den ghníomh áitiúil a rinneadh i gCill Dara le tamall anuas. Ar mhaithe leis an gcáipéis seo a choinneáil achomair, níor roghnaíodh ach sampla amháin in aghaidh an téama. Is iomaí cás staidéar eile a d'fhéadfaí a úsáid mar eiseamláirí agus a bheadh chomh hiontach céanna.

1. **Tírdhreacha don Dúlra. Cás-staidéir:** Scéim um Choillearnach Fhiodh Cuilinn
2. **Rannpháirtíocht, Ardú Feasachta agus Tuiscint. Cás-staidéar:** Tionscadal Pobail um Balsam Himiléach
3. **Taifeadadh, Faireachán agus Bainistíocht Sonraí. Cás-staidéar:** Taifeadadh Leamhan

4. **Gníomh a Leabú ar fud Chomhairle Contae Chill Dara. Cás-staidéar:** Rannpháirtíocht Foirne
5. **Tacaíocht do Thionscnaimh Bhithéagsúlachta faoi Stiúir an Phobail. Cás-staidéar:** Comhdháil Bhithéagsúlachta Chill Dara

1. Tírdhreacha don Dúlra.

Cás-staidéar: Tionscadal um Choillearnach Fhiodh Cuilinn

In 2022 cheannaigh Comhairle Contae Chill Dara suíomh 50 acra de thalamh talmhaíochta in iarthar Chill Dara d'fhonn an suíomh a fheabhsú don dúlra, tríd an Scéim um Chruthú Coillearnach ar Thailte Poiblí a bhfuil tacaíocht ón rialtas aici. Tá baill foirne laistigh d'Aonad Oidhreachta agus Dúlra na Roinne Pleanála Chun Tosaigh tar éis treoir a thabhairt maidir leis an tionscadal, agus iad ag dul i dteagmháil le foraoiseoir chun an obair a chur chun cinn. Is é an aidhm fhoriomlán ar an suíomh ná na haschuir don bhithéagsúlacht a uasmhéadú, nuair is féidir. Chiallaigh sé sin tosú le suirbhé éiceolaíoch ó cheann ceann na bliana chun na dálaí bunlíne a bhunú maidir le gnáthóga, láithreachtaí speiceas, agus príomhcheantair sheilge, conairí taistil d'fhiadhúlra, suíomhanna fáirthe, suíomhanna neadaithe, pluaiséanna agus mar sin de.

Sainithníodh raon gnáthóg ar an láthair lena n-áirítear féarach talmhaíochta feabhsaithe, Bán Fliuch, abhainn sil-leagain/ísealchríche, Fálta Sceach, Línte Crann, agus díoga Draenála.

I measc na mamach nach féidir leo eitilt a deimhníodh a bheith ag úsáid an láithreáin tá an Luch Choille, an Francach Donn, an Sionnach, an Broc agus an Cat Crainn. Is féidir go n-úsáideann Gráinneoga, Giorriacha agus Dobharchúnna an suíomh freisin, mar go bhfuil an ghnáthóg oiriúnach, ach níl sé sin deimhnithe fós ag modhanna taifeadta. Úsáideadh taifeadáin fuaime chun fuaimeanna fiadhúlra a rianú cúpla uair i rith na bliana, lena cuireadh liosta suntasach fiadhúlra le chéile lena n-áirítear ocht gcinn de na naoi n-ialtóg atá le fáil in Éirinn⁵ – ba é an t-aon cheann nach raibh i láthair ná an Chrú-ialtóg Bheag (*Rhinolophus hipposideros*) a bhfuil a

⁵ www.batconservationireland.org

raon le fáil i gcontaetha an iarthair amhail Ciarraí, an Clár, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Maigh Eo go príomha.

Taifeadadh beagnach 40 speiceas éan trí úsáid a bhaint as an suíomh go dtí seo, lena n-áirítear ar a laghad trí Speiceas ar an Liosta Dearg⁶ - an Riabhóg Mhóna, an tSiobhánín Bhuí agus an Deargán Sneachta.

Tá sé luaite sa tuarascáil éiceolaíochta cé go rachaidh bunú coillearnaí dúchasaí chun sochair don suíomh, agus go dtacóidh sé le cuid mhaith den fhiadhúlra atá ann cheana féin, is fiú cuid de na gnéithe reatha a choinneáil, lena n-áirítear ceapacha neantóige ar ardchaighdeán, gné uisce cosúil le lochán ag an teorainn theas agus roinnt limistéir fhliucha, chomh maith le gnáthóg báin Fhliuch. Measadh go raibh na gnéithe sin chun tairbhe éiceolaíochta, agus moladh gan plandú iontu.

Tar éis sos gairid in oibreacha tionscadail go luath in 2024, chun Measúnacht Tionchair Seandálaíochta iomlán a dhéanamh, cuireadh tús leis an bplean foraoisithe i nGeimhreadh 2025-2026.



Íomhá 11: Íomhánna láithreán foraoisithe Fhiodh Cuilinn: Clamhán ag faoileoireacht, Leamhán aibí, agus sonagraf éin an Tiuf-teaf.

⁶ <https://birdwatchireland.ie/birds-of-conservation-concern-in-ireland/>

2. Rannpháirtíocht, Ardú Feasachta agus Tuiscint.

Cás-staidéar: Tionscadal Pobail um Balsam Himiléach

Is tionscnamh comhoibritheach ilbhliantúil é Tionscadal um Balsam Himiléach ar an Life sa Bhaile Mór faoi stiúir Chomhairle Contae Chill Dara, atá anois ina thionscadal taispeántais chun déileáil le saincheist shuntasach fínithe Balsam Himiléach feadh conairí bruachánacha. Meastar anois go bhfuil an tionscadal ina chur chuige eiseamláireach atá chun tosaigh maidir le conas is féidir le húdaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile tacú le bainistíocht, agus b'fhéidir díothú córasach fínithe speiceas ionrach den sórt sin i gceantair phoiblí. Baineadh amach é sin trí chur chuige comhoibritheach agus rannpháirteach idir an t-údarás áitiúil, institiúidí taighde eolaíochta, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus an rud is tábhachtaí ar fad: an pobal áitiúil.

I measc na n-aschur dearfach iomadúil den tionscadal tá: forbairt agus soláthar an dea-chleachtais, treoir eolaíoch do phobail atá ag tabhairt faoi Bhalsam Himiléach i gcomhthéacs na hÉireann, creat le haghaidh rannpháirtíocht chomhoibritheach le príomhpháirtithe leasmhara maidir le déileáil le fínithe speiceas ionrach, athchóiriú gnáthóg i gcodanna cóireáilte de chonair na Life, agus torthaí dearfacha folláine do na daoine aonair agus don phobal atá bainteach leo.

Ó bunaíodh é, tá cuid mhaith spéise tarraingthe ag an tionscadal agus tá go leor iarrataí déanta chun mionsonraí an tionscadail a chur i láthair, agus mar sin go luath in 2025, choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Dara físeán gairid faoi iarrachtaí iontacha an phobail sa Bhaile Mór. Is féidir é sin a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chill Dara.



<https://kildarecoco.ie/AllServices/Heritage/BiodiversityandNaturalHeritage/BiodiversityVideos/>

3. Taifeadh, Faireachán agus Bainistíocht Sonraí.

Cás-staidéar: Taifeadadh Leamhan

Ionadchoinneálaí an Tionscadail Taifeadta Leamhan

Ionadchoinneálaí an Tionscadail Taifeadta Leamhan - ÍOMHÁNNA

4. Gníomh a Leabú ar fud Chomhairle Contae Chill Dara.

Cás-staidéar: Rannpháirtíocht Foirne

Cuireann an tAonad Oidhreachta agus Dúlra oiliúint, oideachais agus deiseanna rannpháirtíochta ar fáil d'fhoireann ar fud na comhairle maidir le hábhair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht.

Le blianta beaga anuas tá ábhair á gclúdach ag oiliúint 'Lón agus Foghlaim' lena n-áirítear Measúnacht Chuí, an Bhithéagsúlacht agus an tAthrú Aeráide, agus Feasacht ar Cháilíocht Uisce. I sraith de Sheimineáir Ghréasáin Ama Lóin Geimhridh, clúdaíodh Eolaíocht na Saoránach, Suirbhé Éan Gairdín de chuid Chairde Éanlaith Éireann (CÉÉ), Cuir i Láthair faoin mBeach Aonair agus Bainistíocht Gnáthóg le haghaidh Féileacán.

Gach bliain i mí na Bealtaine ceiliúrann Éire Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, atá dírithe ar Lá na Náisiún Aontaithe um Éagsúlacht Bhitheolaíoch, an 22 Bealtaine. Mar chuid de sceidealú inmheánach le haghaidh an cheiliúrtha sin ar an dúlra, tugadh cuireadh do gach ball foirne páirt a ghlacadh in imeachtaí amhail cainteanna, tráth na gceist boird ar théama an dúlra, agus taispeántaí gearrscannán amhail BirdSong (clár faisnéise faoi iarracht gach amhrán éan a thaifeadadh ar Oileán na hÉireann) agus Wilding (gearrscannán ina ndéantar doiciméadú ar aistear feirmeoirí i Sasana agus iad ag cinneadh a n-eastáit a thabhairt ar ais don dúlra).

Bíonn oiliúint níos spriocdhírithe ar siúl ó am go ham freisin ar phríomhcheisteanna bithéagsúlachta, a bhaineann le rannóga áirithe agus le baill foirne laistigh den chomhairle.



Íomhá 12: Scréachóg Reilige
– *Tyto alba* (pictiúr a tógadh
faoi cheadúnas, le linn
suirbhé de chuid Chairde
Éanlaith Éireann ar

5. Tacaíocht do Thionscnaimh Bithéagsúlachta faoi stiúir an Phobail.


Cás-staidéar: Comhdháil Bithéagsúlachta Chill Dara

Tá “Comhdháil Bithéagsúlachta Chill Dara” á reáchtáil go bliantúil ag Tarrtháil Fiadhúlra Chill Dara i gcomhpháirtíocht le hOifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chill Dara ó 2023.

Tá an-rath ar an imeacht sin, le tacaíocht ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra tríd an gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil, agus tá sé ina phríomhócáid bhliantúil phobail maidir leis an mbithéagsúlacht don Chomhairle. Is tionól spreagúil é, ag a dtagann daoine díograiseacha atá tiomanta do thionchar dearfach a imirt ar an mbithéagsúlacht i gContae Chill Dara agus níos faide anonn le chéile.

Ag an gcomhdháil clúdaítear a lán ábhar de ghnáth, ó shuirbhéireacht ialtóg coillearnaí, bainistíocht gnáthóg beach fiáin agus gníomh pobail maidir le speicis ionracha, go cuir i láthair faoi idirghabhálacha chun speiceas éan atá i mbaol amhail an Crotach agus an Pilibín a mhonatóiriú agus a chosaint.

Tá deiseanna iontacha ag daoine, grúpaí pobail, agus eagraíochtaí comhshaoil ar spéis leo é agus a bhfuil an sprioc choiteann acu maidir le gníomh dearfach a dhéanamh ar son an dúlra, chun dul i dteagmháil lena chéile agus foghlaim óna chéile.



Íomhá 13: An feirmeoir Declan Dornan ag labhairt ag Comhdháil Bithéagsúlachta Chill Dara, 2024

Mar gheall ar an tóir ar an gcomhdháil agus an spéis mhór inti sna blianta roimhe seo, leathnaíodh sceideal 2025 chun an dara lá a áireamh; tá an sceideal leathnaithe tiomanta d'athchóiriú agus cúram tréidliachta na speiceas dúchasach Éireannach; ina dtaispeántar dea-chleachtas agus modhanna nuálacha chun a chinntiú gur féidir le hainmhithe sláintiúla athchóirithe a bheith faoi bhláth agus cur le caomhnú a speicis.



Gníomh agus
Rannpháirtíocht
Bithéagsúlachta
Pobail i gCill Dara





Gníomh agus
Rannpháirtíocht
Bithéagsúlachta
Pobail i gCill Dara



***“Is é an tasc sainiúil
den 21ú haois ná
síocháin a dhéanamh
leis an dúlra”***

António Guterres,



Caibidil 5
Spriocanna agus Cuspóirí

Caibidil 5 - Cuspóirí agus Gníomhartha

Rinne an Grúpa Oibre Bithéagsúlachta measúnú ar na haighneachtaí a tháinig isteach tríd an bpróiseas comhairliúcháin agus cuireadh de chúram orthu iad sin a chur i réimsí téamacha leathana. Cuidíonn réimsí téamacha a bheith sa phlean leis na gníomhartha a eagrú, agus struchtúr a chur ar an doiciméad mór seo, rud a fhágann go bhfuil sé níos inrochtana agus níos inoibrithe.

Bhí an próiseas chun na cuspóirí straitéiseacha leathana a shainaithint doiléir uaireanta; is féidir a áitiú go bhféadfaí réimsí téamacha breise a chur san áireamh ach nár cuireadh, agus go bhfuil gníomhartha ann a d'fhéadfaí a shannadh do níos mó ná réimse téamach amháin. Sa deireadh, tar éis go leor aire ar mhionsonraí, breithnithe agus comhrá, shainaithin an Grúpa Oibre Bithéagsúlachta cúig chuspóir straitéiseacha leathana lena n-oibriú.

Ina measc tá:

1. Tírdhreacha don Dúlra
2. Rannpháirtíocht, Ardú Feasachta agus Tuiscint
3. Taifeadadh, Faireachán agus Bainistíocht Sonraí
4. Gníomh a Leabú ar fud Chomhairle Contae Chill Dara
5. Tacaíocht do Thionscnaimh Bhithéagsúlachta faoi stiúir an Phobail

Laistigh de na cúig chuspóir uileghabhálacha sin, sainithníodh caoga a haon gníomh. Tá siad sin liostaithe thíos, faoina réimsí cuspóra faoi seach.

Tá táscairí amlíne curtha san áireamh freisin le haghaidh gach gnímh. **0** = leanúnach, **1** = críochnaithe faoi dheireadh na chéad bhliana (i.e. go luath in 2027), **2** = críochnaithe faoi dheireadh bhliain 2 (i.e. go luath in 2028), **3** = críochnaithe faoi dheireadh bhliain 3 (i.e. go luath in 2029), **4** = críochnaithe faoi dheireadh bhliain 4 (i.e. go luath in 2030), agus **5** = críochnaithe roimh dheireadh bhliain 5, (i.e. in 2031)

Cuspóir 1: Tírdhreacha don Dúlra

Breithnítear sa chuspóir seo an gá atá le cur chuige ar scála tírdhreacha chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim bhithéagsúlachta. Tá an dearcadh leathan sin de dhíth de bharr na straitéise chun spásanna a sholáthar don dúlra. Tá sé tábhachtach a bheith in ann an tírdhreach a mheas go hiomlán, chun a shainaithint cá bhfuil gnáthóg ar ardchaighdeán fós, rud a chinntíonn go gcosnaítear na gnáthóga sin agus nach n-éiríonn siad scoite amach ó limistéir nádúrtha eile. Má tá siad scoite amach cheana féin, tá sé tábhachtach a bheith in ann conairí fiáine féideartha a shainaithint a d'fhéadfadh athcheangal, leathnú agus athchóiriú na limistéar tábhachtach sin a éascú.

Mar an gcéanna agus muid ag pleanáil d'fhorbairt amach anseo, ag sainithint na ndeiseanna chun spásanna a thógáil isteach don dúlra, tírdhreachú atá neamhdhíobhálach don fhiadhúlra a bheith ann, conairí fiadhúlra agus spásanna fiáine atá ina gcéim aistir a bheith ann, lena chinntiú gur féidir le daonraí plandaí agus ainmhithe leanúint ar aghaidh ag idirghníomhú, ag bogadh agus ag imirceadh.

Tháinig an smaoineamh ar obair ar leibhéal an tírdhreacha aníos go minic sa phróiseas comhairliúcháin, agus d'oibrigh an Grúpa Oibre Bithéagsúlachta chun é seo a ghabháil, agus é a sheachadadh i sraith gníomhartha nithiúla, mar atá liostaithe thíos.

Cuspóir 1: Tírdhreacha don Dúlra				
Tag airt	Gníomh	Táscaire	Comhpháirt ithe	Amlíne
1.1	Gach gabháltas faoi úinéireacht údaráis áitiúil a shainaithint agus a mhapáil, a chatagóiriú agus a rangú, agus ansin iad seo a leanas a shainaithint: a) Riosca don láithreán, b) Oiriúnacht d'athchóiriú an dúlra, agus c) Measúnú a dhéanamh le haghaidh cosanta trí phleanáil reachtúil.	a) Clár leasa réadmhaoine, b) Staidéar Deisce Éiceolaíochta, c) Plean Bainistíochta le forbairt	1. Rannóga Bainistíochta CCCD, 2. Páirceanna, 3. BIÉ, 4. Scoileanna ar Thalamh CCCD	5
1.2	Fardail láithreáin a shainaithint, a mhapáil agus, nuair is féidir, a chruthú le haghaidh Láithreáin Bhithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil (LBTA) chun limistéir a bhfuil ardluach bithéagsúlachta ag baint leo a chinneadh. Imscrúdú a dhéanamh ar indéantacht na cosanta dlíthiúla le haghaidh láithreáin ardluacha bithéagsúlachta, trí phleananna reachtúla.	Liosta a gineadh, limistéir a mapáladh, líon na bhfardal láithreáin a críochnaíodh, láithreáin tosaíochta a sainaithníodh, cosaintí a ndearnadh imscrúdú orthu	Úinéirí Talún, an Chomhairle Oidhreachta, INSB, SPNF, Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann (CLBÉ),	5
1.3	Léarscáil agus liosta láithreáin "Líonra Éiceolaíochta Chill Dara" a chruthú de gach láithreán a bhfuil tábhacht éiceolaíoch agus gheolaíoch ag baint leis lena n-áirítear láithreáin ainmnithe.	Léarscáil a sheachadadh	SPNF, GCC (cáilíocht an uisce)	5
1.4	Suirbhé ar Bhogaigh Chontae Chill Dara, 2012 -2014 a athbhreithniú agus a nuashonrú agus Plean Gníomhaíochta Bogach a fhorbairt atá bunaithe ar na torthaí.	Foilsíú an tSuirbhé Plean Gníomhaíochta a fhoilsíú	WSI, gach úinéir talún ábhartha	4
1.5	Tacú le forbairt Pleananna Bainistíochta le haghaidh Láithreáin Bhithéagsúlachta atá Tábhachtach go hÁitiúil, de réir mar is cuí.	Láithreáin chuí a shainaithint le haghaidh Pleananna Bainistíochta agus ansin líon/cion na bpleananna sin atá forbartha	An Chomhairle Oidhreachta, INSB & CLBÉ	5

1.6	Máistirphlean Bonneagair Ghlais agus Ghoirm a ullmhú (lena n-áirítear bonneagar glas, gorm agus donn) ar féidir leis a bheith mar bhonn eolais do theorainneacha na gcroílímistéar, na gcloch céime, agus na gconairí, a shainaithneodh limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de agus a d'eiseofaí ó aon phleananna taitneamhachta/ turasóireachta féideartha agus a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais d'ainmniú Anaclainne Dúlra idirnasctha, Páirce Réigiúnaí, Páirce Náisiúnta féideartha Tailte Portaigh, inter alia.	Bonneagar Reatha a Mhapáil. Naisc Nua Fhéideartha a Shainaithint	Úinéirí Talún, Grúpaí Pobail	3
Tag airt	Gníomh	Táscaire	Comhpháirt ithe	Amlíne
1.7	Tacú le CUÚÁ agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun tionscadail dobharlaigh, bhogaigh agus cáilíochta uisce a shainaithint agus tacú leo chun comhthairbhí a fhorbairt le haghaidh gníomhú ar son na haeráide agus le haghaidh na bithéagsúlachta	Líon na dtionscadal cáilíochta uisce a bhfuil tacaíocht acu	IIÉ, CUÚÁ, Comhshaol CCCD, Pleanáil, Páirceanna	0
1.8	Leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn 'Réiteach Dúlra bhunaithe' i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe, agus i mbailte agus i sráidbhailte atá ann cheana.	Cion na bhforbairtí uirbeacha nua ina bhfuil gnéithe de chórais inbhuanaithe draenála uirbeacha	Éiceolaí Pleanála, Comhshaol CCCD, IIÉ	0
1.9	Beartas Contae a Ullmhú maidir le Soilsiú atá Oiriúnach don Fhiadhúlra	Foilsíodh an Beartas Soilsithe	Pleanáil CCCD, Spéir Dhorcha Éireann & eile	3
1.10	Tacú go gníomhach le tionscnaimh náisiúnta bhithéagsúlachta a chur chun feidhme, lena n-áirítear Plean Pailneoirí Uile-Éireann.	Líon na ngníomhaíochtaí, na n-imeachtaí agus na rannpháirtíochtaí a cuireadh i gcrích a thacaíonn le tionscnaimh ábhartha	Pleanáil CCCD, Bóithre, Páirceanna, INSB	0
1.11	a) Plean Bainistíochta Crann Chomhairle Contae Chill Dara a cheapadh	a) Plean a táirgeadh agus b) líon na ngníomhaíochtaí, na n-imeachtaí, na	Pleanáil CCCD, an Roinn Páirceanna	5

	b) Cur crann dúchasach agus plandaí leathanduilleacha a chur chun cinn laistigh den chomhairle agus ar fud an phobail c) An teachtaireacht “an Crann Ceart, an Áit Cheart” a chur chun cinn	rannpháirtíochtaí a cuireadh i gcrích chun plandú crann dúchasach a chur chun cinn		
1.12	Tacú le Plean Bainistíochta um Speicis Eachtrannacha Ionracha a fhorbairt do Chontae Chill Dara	Líon na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun tacú le plean bainistíochta	BIÉ, Foireann Plandaí Ionracha INSB, an Roinn Páirceanna, an Roinn Bóithre, Oifigí Ceantair Bhardasaigh, an Roinn Comhshaoil (reiligi)	0
1.13	Mapáil gnáthóige a chur chun cinn i ngach Máistirphlean, i ngach Plean Lonnaíochta, lena n-áirítear i lonnaíochtaí níos lú, bailte, sráidbhailte, lonnaíochtaí agus nóid tuaithe, agus lena gceanglaítear go sainaithnítear crainn agus fála sceach le haghaidh airíonna bainistithe uisce dromchla freisin.	Líon na bpleananna ar ar oibríodh.	Pleanáil CCCD	0

Cuspóir 2: Rannpháirtíocht, Feasacht & Tuiscint

Leis an gcuspóir seo tugtar aghaidh ar an easpa feasachta maidir le cé chomh tábhachtach is atá an dúlra chun tacú leis an tsochaí dhaonna, agus an tionchar diúltach a bhí ag gníomhaíochtaí an duine ar an dúlra le tamall beag anuas. Trí ghníomhartha sonracha, rachfar i dteagmháil le pobail nua, agus déanfar teagmháil le pobail atá gníomhach cheana féin a athspreagadh, chun tuiscint uile-shochaí níos fearr a bhaint amach ar an ngéarchéim bithéagsúlachta i gcoitinne. Áireofar leis sin aird a tharraingt ar an bhfáth a bhfuil an bithéagsúlacht ríthábhachtach dár bhfolláine féin mar dhaoine, agus tacú le daoine aonair, pobail agus eagraíochtaí athcheangal a dhéanamh leis an domhan nádúrtha, agus gníomhú de réir na teorach dea-chleachtais chun spásanna a chruthú agus a chothabháil don dúlra.

Cuspóir 2 – Rannpháirtíocht, Feasacht & Tuiscint				
Taga irt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirtithe	Amlíne
2.1	Cur le forbairt 'foireann uirlisí' cumarsáide, ag a bhfuil ábhair, teachtaireachtaí agus ábhar ⁷ faisnéiseach ar phríomhábhair bithéagsúlachta ⁸	suíomh lárnach le haghaidh acmhainní a cruthaíodh, tuairimí ar líne, tionchar/lucht léitheoireachta/éisteachta, acmhainní a cruthaíodh, méid cumarsáide,	INSB, Teagasc, Agri Aware, Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Leabharlanna CCCD, CUÚÁ, Scoileanna, Cumarsáid	5
2.2	‘Gairdín Taispeántais Bithéagsúlachta don Phobal’ a fhorbairt lena úsáid in oiliúint agus i bhforbairt acmhainne ar gach gné den bithéagsúlacht (agus den ghníomhú ar son na haeráide) do Ghrúpaí Pobail, d’Fhoireann CCCD agus b’fhéidir mar shuíomh taispeántais réigiúnach dea-chleachtais.	láithreán sainaitheanta, lóistíocht eagraithe agus comhaontaithe (rochtain, árachas, plean bainistíochta), tús curtha le tionscadail tírdhreacha	Ceantair Chathrach, Pleanáil CCCD, Páirceanna, pobal áitiúil, gnólachtaí, soláthraithe oiliúna, Teagasc	5
2.3	Deiseanna a fhiosrú chun plandlanna áitiúla (gnólachtaí agus pobail) a spreagadh agus/nó cúnamh deontais a thabhairt dóibh chun speicis	lín na n-imeachtaí, na n-acmhainní, lín na soláthraithe	Maoiniú a d’fhéadfadh a bheith ar fáil trí	0

⁷ ábhair a d’fhéadfadh a bheith i gceist lena n-áirítear cló, craoladh, comharthaíocht, na meáin shóisialta, podchraoltaí, físeán ar líne, gearrscannáin etc.

⁸ lena n-áirítear ábhair maidir le ról bunúsach na bithéagsúlachta inár saol, peataí a bhainistiú i gceantair ardluacha dúlra, Speicis Choimhthíocha Ionracha, Tionchair soilsithe, Scileanna Traidisiúnta (amhail sábháil síolta agus leagan fála), Fiadhúlra agus an Dlí, Garraíodóireacht Shaor ó Mhóin, Eolaíocht ghliofosáite agus roghanna eile etc.

	dhúchasacha fála scean agus speicis dhúchasacha crann leathanduilleach a shaothrú, le treoir maidir le dea-chleachtas, tacaíochtaí lóistíochta agus, b'fhéidir, tacaíochtaí airgeadais nuair is féidir.		CUÚÁ, ReTHINK Ireland, tacaíochtaí eile d'fhiontair shóisialta	
Taga irt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirtithe	Amlíne
2.4	Leanúint ar aghaidh le cur chuige cuimsitheach agus spriocdhírthe i leith oibriú le grúpaí nua agus le grúpaí atá gníomhach cheana féin ⁹ trí thacaíocht a thabhairt dóibh chun feasacht a mhúscailt ar an mbithéagsúlacht agus gníomhartha dearfacha don dúlra a dhéanamh.	líon na ngrúpaí/na n-earnálacha nua a bhfuil baint réamhghníomhach acu leo, líon na n-imeachtaí, na rannpháirtíochtaí agus na gcuartheanna ar leathanaigh ghréasáin Imeachtaí faisnéise, gníomhartha teorach, cumarsáid agus rannpháirtíochtaí	Oifig Bithéagsúlachta CCCD, Plean Pailneoirí Uile-Éireann de chuid INSB, conraitheoirí éiceolaíoch Seachtracha de chuid Oifig Bithéagsúlachta CCCD, Comhpháirtíocht Spóirt CCCD, CUÚÁ, Oifigeach Feasachta Comhshaoil CCCD	0
2.5	Deiseanna a lorg go gníomhach chun dreasachtaí a fheabhsú maidir le gníomhartha bithéagsúlachta pobail trí scéimeanna dámhachtainí agus deontas, e.g. scóráil maidir le Mórtas Ceantair agus leis na Bailte Slachtmhara, agus trí choinníollacha bithéagsúlachta a chur chun feidhme ar mhaoiniú pobail arna riar ag CCCD.	Athruithe/feabhsuithe i scéimeanna scórála, dreasachtaí etc. a mbíonn gníomhartha feabhsaithe ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht mar thoradh orthu	Comhshaoil CCCD, Foireann CCCD um Ghníomhú ar son na hAeráide, Bailte Slachtmhara CCCD, CUÚÁ, Líonraí Rannpháirtíocht a Pobail	2

⁹ pobail chreidimh, Clubanna Glasa CLG, conraitheoirí tírdhreachaithe, ailtirí, naíolanna gairdín, ealaíontóirí, i measc eile.

2.6	Tacú le hOifigeach Feasachta Comhshaoil CCCD ábhair oideachais agus ceardlanna ar mhúiríníú a sholáthar do ghrúpaí pobail, scoileanna, eastáit chónaithe agus thionsclaíocha agus gnóilachtaí chun scileanna bunúsacha gairneoireachta a mhéadú laistigh den spás poiblí, amhail grúpscéimeanna múirínithe ina mbailítear cur amú bia agus dramhaíl gharraíodóireachta agus inar féidir iad a úsáid go háitiúil.	a) imeachtaí faisnéise, gníomhartha treorach, cumarsáid agus rannpháirtíochtaí	OFC CCCD	1
2.7	Dul i dteagmháil le daoine óga trí thionscadail atá dírithe ar an óige agus dearfach don dúlra agus atá á reáchtáil ag Gasóga, réamhscoileanna, scoileanna, clubanna óige agus grúpaí/eagraíochtaí bithéagsúlachta pobail. Spreagadh a thabhairt do ghníomhartha a oibríonn leis an bhfoireann a chothaíonn agus a bhainistíonn na tailte agus na campais do na daoine óga sin, chun an fhoghlaim a leabú agus tacú leo.	Líon na n-imeachtaí, líon na ndaoine óga a raibh baint acu leo	Grúpaí óige, scoileanna, gasóga, grúpaí pobail agus r-eagraíochtaí neamhrialtasach a, CUÚÁ, OFC CCCD, Pobal CCCD.	0
Taga irt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirtithe	Amlíne
2.8	Tacú le caomhnú agus cur ar aghaidh scileanna allamuigh agus eolais éiceolaíochta trí: a) tacú le sainclubanna allamuigh/iad a óstáil b) imeachtaí agus deiseanna chun eolas a chomhroinnt c) tacú le socrúcháin tríú leibhéal san éiceolaíocht/sa zó-eolaíocht/sa luibheolaíocht i measc eile, agus d) forbairt cúrsaí a phlé leis an mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO)	a) líon na n-imeachtaí a bhfuil tacaíocht acu, b) líon na socrúchán mac léinn c) dul chun cinn déanta ar ábhar/seachadadh an chúrsa d) dul chun cinn déanta ar ábhar/seachadadh an chúrsa	Institiúidí tríú leibhéal, Cumann Allamuigh Náduraithe Bhaile Átha Cliath, CLBÉ, CÉÉ, BCI, KBG, Wild Kildare, BOO	5
2.9	Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha, comhlachtaí poiblí agus grúpaí áitiúla go bliantúil chun leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar riosca falscaithe do phortaigh agus do ghnáthóga ardtalún agus ar a mbainistíocht agus iniúchadh a dhéanamh ar fhoilsiú “léarscáileanna riosca dóiteáin”.	a) líon na suíomhanna a ndearnadh mapáil agus monatóireacht orthu, b) líon na dtuarascálacha/na dtaifead	Seirbhís Dóiteáin CCCD, SPNF, Tóchar, Pobal ar aire, grúpaí/úinéirí portaigh áitiúla	5
2.10	Oibriú le hOifig Fiontair Áitiúil Chill Dara chun a) Tionscadail atá neamhdhíobhálach don bithéagsúlacht a chur chun cinn trí	a) líon na dtionscadal/na n-imeachtaí a fuair tacaíocht	OFÁ CCCD, Into Kildare, Fáilte Éireann (Ciste	0

	thionscadail taispeántais ag moil réigiúnacha b) Tionscnaimh atá neamhdhíobhálach don bithéagsúlacht a chur chun cinn mar chuid d'fhorbairt eacnamaíoch inbhuanaithe (e.g. deiseanna éagsúlaithe feirmeoireachta)	b) líon na ndaoine a bhí páirteach	an Aontais um Aistriú Cóir)	
2.11	Tacú le tionscadail chomhoibríocha le grúpaí feirmeoireachta chun: a) feacht a mhúscailt ar ghníomhaíocht dhearfach atá á déanamh cheana féin, b) béim a leagan ar thábhacht na feirmeoireachta don bithéagsúlacht, c) ceangal an phobail leis an talamh, leis an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a éascú, d) díriú ar fhéarthailte leathnádúrtha e) deiseanna de chuid na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí a chur chun cinn, Cúinne an Ghiorria, Feirmeoireacht don Dúlra, inter alia.	a) líon na n-imeachtaí a bhfuil tacaíocht acu, b) líon na ndaoine a bhí páirteach	Agri Aware, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Teagasc, Burren Beo, Feirmeoireacht don Dúlra, etc.	0
2.12	Féachaint ar fhéidearthacht feachtais náisiúnta chun an pobal a dhíspreagadh ó fhál Labhrais a chur tríd an Líonra Oifigeach Bithéagsúlachta	a) líon na bhfógraí a craoladh b) líon na n-imeachtaí a tionóladh c) líon na ndaoine atá ag gabháil	Comhordaitheoir Sláinte, Oifig Bithéagsúlachta,	3
2.13	Treoir agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun turasóireacht atá bunaithe ar an dúlra a fhorbairt go freagrach.	a) líon na n-imeachtaí a bhfuil tacaíocht acu	Fáilte Éireann, Into Kildare, Fáilte Éireann (Ciste an Aontais um Aistriú Cóir) agus eile	0

Cuspóir 3: Taifeadadh, Faireachán & Bainistíocht Sonraí

Tá sé mar aidhm ag an gcuspoir seo leanúint de shraitheanna láidre sonraí eolaíocha a bhaineann leis an saol beo i gCill Dara a bhailiú, agus, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis sin a chur ar fáil agus rochtain a thabhairt uirthi do lucht déanta beartas agus do chinnteoirí tábhachtacha. Cuidíonn sonraí bonnlíne láidre éiceolaíocha le forbairt a threorú agus is féidir leo cinntí níos fearr a dhéanamh don dúlra. Tá sé ríthábhachtach sonraí a bhailiú roimh thórdhreacha a athrú, lena linn agus ina dhiaidh chun tuiscint a fháil ar fhíorthionchar na forbartha agus na gníomhaíochta daonna ar ghnáthóga áitiúla agus ar speicis áitiúla. Tá an cumas ag na sonraí sin go léir cur le breithiúnais níos fearr atá bunaithe ar eolaíocht maidir le forbairt agus pleanáil amach anseo ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Taga irt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirtithe	Amlíne
3.1	Leanúint de shuirbhéanna éiceolaíocha a choimisiúnú agus a fhoilsiú, i gcás inarb iomchuí ¹⁰ , chun sonraí bonnlíne agus/nó sonraí faireacháin rialta a bhailiú ar ghnéithe d'oidhreacht nádúrtha Chill Dara nach bhfuil suirbhé déanta orthu go leordhóthanach, chun eolas a dhéanamh do bheartais agus do thosaíochtaí an chontae agus chun bonn fianaise a sholáthar don Chomhairle agus í ag comhlíonadh a hoibleagáidí faoi reachtaíocht Chomhshaoil na hEorpa agus na hÉireann, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.	a) maoiniú a fuarthas le haghaidh obair shuirbhéireachta, b) líon/réimsí sainsuirbhéanna a rinneadh c) leathadh speiceas agus gnáthóg a ndearnadh suirbhé orthu d) feabhsuithe ar inrochtaineacht sonraí	SPNF, r-NGOanna, Comhairleoirí, Páirceanna CCCD	0
3.2	Plean Pailneoirí Chomhairle Contae Chill Dara a nuashonrú, agus mar chuid den phróiseas sin, bealaí a dhearadh chun athruithe ar dhaonraí pailneoirí áitiúla samplacha a mheas, a eascraíonn as cur chun feidhme ghníomhartha Phlean Pailneoirí Uile-Éireann ar leibhéal an tsuímh.	Taighde tosaithe agus/nó foilsithe	Páirceanna CCCD, INSB, Plean Pailneoirí Uile-Éireann, Institiúidí Taighde.	2
3.3	Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht sonraí cáilíochta uisce agus comharthaíocht agus oiliúint a chur ar fáil maidir le rochtain a fháil orthu agus iad a léirmhíniú, chun an pobal a chur ar an eolas.	Suíomh Gréasáin 'Mhol Oidhreacht' CCCD ag dul beo, agus an fhaisnéis agus na sonraí faoi seach ar fáil don phobal	Foireann Dúlra & Oidhreacht CCCD, Uisce Éireann, GCC, CUÚÁ etc	2

¹⁰ Tá roinnt tacair sonraí éiceolaíocha íogair agus chun críocha caomhnaithe is gá na sonraí a choinneáil gan foilsiú, mar shampla suíomh plandaí neamhchoitianta, nó láithreáin pórúcháin éan neamhchoitianta; toisc go bhféadfadh nochtadh sonraí suímh an speiceas a chur i mbaol saothraithe mhídhleathaigh.

3.4	Tacú leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (INSB) chun taifid bhitheolaíocha cothrom le dáta a bheith aige le haghaidh Chill Dara trína chinntiú go gcuirtear torthaí suirbhéanna ó thionscadail agus ó shuirbhéanna de chuid CCCD isteach sa bhunachar sonraí náisiúnta.	Líon na sonraí suirbhéanna atá á roinnt le INSB gach bliain.	INSB, SPNF, Coillte, BnM, CÉÉ, CLBÉ, ENRanna, Institiúidí Poiblí agus Taighde	0
3.5	'Straitéis Eolaíochta Saoránach do Chill Dara' a fhorbairt – i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus le grúpaí oidhreachtá nádúrtha atá ann cheana féin sa chontae.	a) beartas/straitéis foilsithe, b) tairseach moil oidhreachtá seachadta	KBG, CÉÉ, BCI, Cill Dara, INSB, SPNF, GCC, etc	3

Cuspóir 4: Gníomh a Leabú Ar Fud Chomhairle Contae Chill Dara

Tríd an gcuspoir seo, oibreoidh Oifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chill Dara lena chinntiú go gcuirfear breithnithe bithéagsúlachta san áireamh (trí thacaíocht phraiticiúil, éascú agus spreagadh nuair is gá), ar gach leibhéal agus i ngach rannóg den chomhairle. Bainfear amach é sin trí go leor snáitheanna rannpháirtíochta agus gníomhaíochta, mar atá leagtha amach thíos:

Taga irt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirt ithe	Amlíne
4.1	Tacú le seachadadh thionscadail Chuid 8 agus forbairt faoi úinéireacht údaráis áitiúil le treoir dhea-chleachtais maidir le forbairt, ag an tús, ag an gcéim dhearaidh agus ag an gcéim sheachadta, le treoir dhea-chleachtais maidir le forbairt	Líon thionscadail Cuid 8 ar tugadh tacaíocht dóibh, agus líon na ndoiciméad treorach a táirgeadh	Pleanáil, Tithíocht agus ranna eile de chuid CCCD	0
4.2	Clár oideachais bithéagsúlachta a fhorbairt agus a sheachadadh do gach ball foirne, lena n-áirítear comhaltaí tofa, chun feasacht, eolas agus tuiscint a fheabhsú, go háirithe maidir le hoibleagáidí dlíthiúla na comhairle maidir le cosaint an dúlra, bainistíocht speiceas ionrach, athchóiriú an dúlra agus tuairisciú.	Modúil oiliúna a forbraíodh. Modúil a seachadadh. Líon na n-oiliúnaithe.	Comhoibriú le hOifigigh Bhithéagsúlachta Údaráis Áitiúla eile chun sraith iomlán oiliúna a fhorbairt	0
4.3	Grúpa oibre réigiúnach a fhorbairt do pháirtithe leasmhara gairmiúla suíomhanna faoi chosaint (go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta) chun faisnéis a roinnt go hannamh ach go rialta, agus chun faireachán, cosaint agus bainistíocht na suíomhanna sin a chomhordú.	Bunú an ghrúpa	SPNF, Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, Údaráis Áitiúla Réigiúnacha	3
4.4	Breithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn scéime bannaí maidir le tírdhreachú agus dálaí bithéagsúlachta le haghaidh forbairtí nua	staidéar féidearthachta foilsithe, scéim ceadaithe ag an gcomhairle iomlán	Ranna Inmheánach a in CCCD	1
4.5	Caomhnú fála sceach a neartú trí bheartas cosanta fála sceach a bhunú agus úsáid a bhaint as córas rátála cáilíochta (e.g. Leibhéal 1-Coinnigh ar ais nó ar éigean = teorainn baile fearainn, Leibhéal 2-Breithniú a dhéanamh ar roghanna eile = fála sceach eile ar ardchaighdeán / ardluacha nádúrtha, Leibhéal 3 – íoslaghdú a dhéanamh ar bhaint = luach nádúrtha cáilíochta meánaí, Leibhéal 4-	gníomh atá curtha san áireamh i mBeartas/Cuspóir PFC	Foireann Beartais PFC na Roinne Pleanála	3

	Fálta sceach ar luach íseal, amhail speicis neamhdhúchasacha, ionracha, e.g. Labhras, Leylandii).			
4.6	Beartas 'glanhnóthachain bithéagsúlachta' (GGB) a chur chun cinn, nuair is féidir, trí straitéisí, pleananna, forbairtí, bearta maolaithe, fritháireamh cuí agus/nó infheistíocht i mBonneagar Glas agus Gorm le bearta sonracha bithéagsúlachta agus comhshaoil atá bunaithe ar fhianaise agus atá ábhartha go háitiúil, tríd an gcéad Phlean Forbartha Contae (PFC) eile a athbhreithniú	Beartas GGB curtha san áireamh i ngach Plean ábhartha agus i ngach Straitéis	Gach Roinn de chuid CCCD.	0
Taga irt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirt ithe	Amlíne
4.7	Criosú úsáide talún ar leith a thabhairt isteach chun críocha chaomhnú agus athchóiriú an dúlra amháin (i.e. cosaint níos láidre ná a chuireann an F: Criosú Spáis Oscailte agus Taitneamhachta, ar fáil faoi láthair) tríd an athbhreithniú ar an gcéad Phlean Forbartha Contae eile	Staidéar Féidearthachta, Beartas Nua CCCD	Áiseanna CCCD, Ranna CCCD, Oifigí Ceantair	3
4.8	Imscrúdú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil sé indéanta deireadh a chur le húsáid creimiricídí agus lotnaidicídí de réir a chéile in áiseanna, campas, stórais agus soláthar seirbhísí atá á n-oibriú ag Comhairle Contae Chill Dara ar fud an chontae (seachas i gcás riachtanas éiceolaíoch, e.g. a bhaineann le speicis ionracha a dhíothú)	Staidéar Féidearthachta ar Bheartas Nua CCCD	Áiseanna CCCD, Ranna CCCD, Oifigí Ceantair	2
4.9	Leanúint de bhearta bithéagsúlachta a fhorbairt mar chuid de fhreagrachtaí bainistíochta eastát tithíochta, a luaithe a bheidh siad 'glactha faoina chúram' ag CCCD.	Líon na mbeart	Páirceanna CCCD	0
4.10	Tacú le hobair eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus pobal atá ag obair chun tailte portaigh a chur chun cinn agus a chaomhnú ar fud an chontae.	Líon na rannpháirtíocht a í agus na n-imeachtaí	Fóram Bogach Pobail, CEE, Comhairle Chaomhnait he Phortaigh na hÉireann, i measc eile	0
4.11	Tacú le bunú agus leathnú gairdíní pobail agus cuibhreann trí thionscnaimh údarais áitiúil i gcomhar le húinéirí talún príobháideacha agus ar thalamh poiblí, i bpobail uirbeacha agus i bpobail tuaithe araon, mar atá leagtha amach i Straitéis Chuibhrinn CCCD agus i bPlean Forbartha an Chontae.	Líon na ngairdíní pobail agus na gcuibhreann a bunaíodh	Pleanáil CCCD agus Páirceanna CCCD	0
4.12	Treoirlínte bithéagsúlachta a uasdátú d'fhorbróirí, gairdíní príobháideacha agus gníomhaíocht phobail do Chontae Chill Dara	Treoirlínte nuashonraithe	Foireann Oidhreacht & Dúlra CCCD	2

4.13	Tuarascáil bhliantúil a dhéanamh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le Bithéagsúlacht, mar a shainordaítear faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2023, do Chomhairle Contae Chill Dara.	Tuarascálacha bliantúla curtha isteach	Oifigeach Bithéagsúlachta CCCD	0
4.14	Maoiniú agus acmhainn a mhéadú san Fhoireann Dúlra agus Oidhreacht, chun róil bhreise a sholáthar, amhail foireann éiceolaithe le haghaidh tacaíocht thras-rannach, lena n-áirítear Páirceanna, Bóithre, Comhshaol agus Pleanáil, agus Oifigigh Bhithéagsúlachta a bhfuil freagrachtaí sonracha orthu as obair Pobail agus Tionscadail.	Maoiniú breise faighte agus poist líonta	Pleanáil chun Cinn CCCD	5
4.15	Féachaint ar an bhféidearthacht go ndéanfaí céatadán de ranníocaíochtaí forbartha a imfhálú le haghaidh iarrachtaí/tionscadail athchóirithe dúlra.	Cruinnithe a reáchtáladh, taighde a rinneadh, cur chun cinn na cúise	CCCD	2

Cuspóir 5: Tacú le Tionscnaimh faoi stiúir an Phobail

Tá go leor eagraíochtaí agus pobal atá suntasach go réigiúnach agus go náisiúnta i gContae Chill Dara atá dírithe ar chosaint phraiticiúil, caomhnú agus athchóiriú an dúlra. Ina theannta sin, tá ról ag go leor de na heagraíochtaí sin i dtaifeadadh speiceas agus in oideachas ó thaithí faoin dúlra, rud a athcheanglaíonn daoine leis an dúlra, agus i bhfeasacht a mhúscailt ar thábhacht na bithéagsúlachta i gcoitinne. Is ag dul chun sochair do go leor de na cuspóirí eile sa phlean seo a bheidh tacaíocht do na tionscnaimh áitiúla sin agus do na speisialtóirí sin ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag baint amach ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht.

Tagairt.	Gníomh	Táscaire	Comhpháirtithe	Amlíne
5.1	Maoiniú agus tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil don phobal áitiúil, do na Bailte Slachtmhara agus do ghrúpaí deonacha eile, atá páirteach i ngníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar chailliúint agus athchóiriú na bithéagsúlachta, e.g. tírdhreacha a bhainistiú don fhiadhúlra, speicis ionracha a bhainistiú, páirt a ghlacadh in eolaíocht na saoránach, spásanna bithéagsúlachta a chruthú, agus sláinte an chomhshaoil áitiúil a chosaint agus faireachán a dhéanamh uirthi.	a) maoiniú faighte b) líon na dtionscadal a bhfuil tacaíocht acu, c) dáileadh geografach	Bailte Slachtmhara, Grúpaí Iascaireachta, Grúpaí Pobail, Eagraíochtaí Pobail etc	0
5.2	Tacú leis na grúpaí bithéagsúlachta/r-ENRanna sa chontae lena gcuid oibre a bhaineann le pobail a oiliúint i dtionscnaimh eolaíochta saoránach (lena n-áirítear iad siúd atá dírithe ar cháilíocht uisce).	a) maoiniú a fuarthas b) líon na ngrúpaí a bhí páirteach	CÉÉ, CUÚÁ, INSB, SPNF, IIE etc	0
5.3	Leanúint de Phleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla (PGBÁnna) a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú, i gcomhpháirtíocht le LEADER, nuair is iomchuí, faoi réir maoinithe.	Líon PGBÁnna a táirgeadh	LEADER, CUÚÁ, Fondúireacht Pobail Éireann,	5
5.4	Leanúint de scéim 'deontas beag' bithéagsúlachta a reáchtáil, agus faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil don phobal, chun gníomh bithéagsúlachta a dhéanamh i spásanna poiblí.	a) maoiniú faighte b) líon na dtionscadal a bhfuil tacaíocht acu, c) dáileadh geografach	Oifigí Ceantair Bhardasaigh (CMÁ), LEADER, CFI, Comhordaitheoir Sláinte, CUÚÁ, agus eile	0

5.5	Ba cheart tacú le grúpaí pobail atá dírithe ar chaomhnú le huirlisí agus le trealamh chun eolaíocht shaoránach a dhéanamh, go háirithe chun faireachán a dhéanamh ar ghnáthóga atá ag athghiniúint.	a) maoiniú faighte b) líon na dtionscadal a bhfuil tacaíocht acu, c) dáileadh geografach	SPNF, CUÚÁ, IIÉ, BCI etc	0

Caibidil 6
An Plean a Chur i bhFeidhm

Caibidil 6 – Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara a Chur i bhFeidhm Cur chun Feidhme, Faireachán agus Tuairisciú

Cur i bhFeidhm Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031

Tá an ghéarchéim bithéagsúlachta casta, agus tá na brúnna ar an dúlra chomh héagsúil sin, nach féidir dul i ngleic leis an bhfadhb sin ach le ‘Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí’ mar a chuirtear chun cinn sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, 2023-2030.

Bhí comhairliúchán agus comhoibriú lárnach i bhforbairt an Phlean seo go dtí seo; agus chun go n-éireoidh leis an bPlean seo baint amach ar mhaithe leis an dúlra, beidh leanúint leis an spiorad comhoibrithe agus comhpháirtíochta sin rithábhachtach. Leanfaidh Comhairle Contae Chill Dara ag obair chun caidreamh láidir a chothú leis an iliomad pobal, grúpaí, eagraíochtaí agus gnóilachtaí áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, agus úinéirí talún a bhfuil baint acu le cosaint an dúlra i gCill Dara nó a bhfuil freagrachtaí orthu aisti sin agus chun tacú leo.

Beidh Comhairle Contae Chill Dara i gceannas ar chomhordú agus ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031.



Beidh Oifigeach Bithéagsúlachta Chill Dara i gceannas ar sheachadadh an Phlean, agus mar sin beidh siad mar phointe teagmhála le haghaidh nithe a bhaineann le cur chun feidhme an Phlean. Beidh an plean mar threoir ag na gníomhaíochtaí agus ag na tionscadail atá

Íomhá 12: Scréachóg-*Garrulus glandarius*

á ndéanamh ag Oifig Bithéagsúlachta CCCD, agus ag páirtithe go comhpháirteach a bhfuil baint acu leis an bplean seo.

Tacaíocht agus Acmhainní

Tacóidh Comhairle Contae Chill Dara le páirtithe leasmhara maidir le dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhartha an phlean trí

oilíúint, soláthar faisnéise agus comhairliúchán agus tacaíocht airgeadais a sholáthar nuair is féidir trí na sruthanna maoinithe ábhartha (e.g. Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil agus scéimeanna gníomhaíochta bithéagsúlachta de chuid na Comhairle Oidhreachta) agus trí chomhpháirtíochtaí ar thionscadail bhithéagsúlachta eile laistigh den chomhairle.

Faoi láthair laistigh de Chomhairle Contae Chill Dara tá Oifigeach Bithéagsúlachta lánaimseartha amháin atá i gceannas ar Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara, 2026-2031 a chur i bhfeidhm.

Tráth scríofa na tuarascála seo, is ionann an buiséad atá ar fáil go díreach faoi láthair chun an plean a mhaoiniú agus thart ar €140,000 in aghaidh na bliana. Áirítear leis sin Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta

Áitiúil na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus deontas bliantúil na Comhairle Oidhreachta le haghaidh forbairt agus seachadadh PGÚÁBanna, agus buiséad inmheánach Chomhairle Contae Chill Dara.

Faireachán & Tuairisciú

Déanfaidh an Grúpa Oibre Bithéagsúlachta faireachán leanúnach ar chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chill Dara. Tabharfar an t-eolas is déanaí d'Fhóram Oidhreachta Chill Dara maidir le dul chun cinn go rialta. Déanfar athbhreithniú meántéarmach in 2028, lena chinntiú go bhfuil an plean ar an mbóthar ceart le bheith críochnaithe laistigh den tréimhse cúig bliana atá leithdháilte, agus déanfar tuairisciú trí Thuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chill Dara.



Aguisín 1 – Gníomhartha PGNB atá ábhartha d’Údaráis Áitiúla

Is féidir an plean iomlán a fháil anseo: <https://www.npws.ie/legislation/national-biodiversity-action-plan>.

Cuspóir 1: Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí a Ghlacadh i leith na Bithéagsúlachta
Toradh 1A. Tá feabhas tagtha ar struchtúir rialachais agus ar aschur tuairiscithe
Gníomh 1A8: Gheobhaidh an tAire tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme PGNB uair sa bhliain ar a laghad agus cuirfidh siad an tuarascáil sin faoi bhráid na Comh-Aireachta
Toradh 1B. Tá méadú tagtha ar chumas agus acmhainní eagraíochtúla le haghaidh bithéagsúlachta ag gach leibhéal den Rialtas
Gníomh 1B3: Déanfaidh na Ranna agus na Comhlachtaí Rialtais ábhartha uile iniúchadh ar na riachtanais saineolais agus oiliúna bithéagsúlachta ar fud an rialtais chun a chinntiú go bhfuil an saineolas cuí ar fáil chun an Plean seo a chur chun feidhme
Gníomh 1B9: Oibreoidh an Chomhairle Oidhreachta leis na hÚdaráis Áitiúla chun Clár Oifigeach Bithéagsúlachta a bhunú ag a mbeidh Oifigeach Bithéagsúlachta tiomnaithe i ngach Údarás Áitiúil
Toradh 1C: Tá an fhreagracht as bithéagsúlacht roinnte ar fud an rialtais ar fad
Gníomh 1C6: Beidh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta glactha ag gach Údarás Áitiúil faoi dheireadh 2026 agus beidh sé faoi réir athbhreithniú rialta agus próiseas athbhreithnithe i gcomhréir le caighdeáin treoir líne ábhartha
Toradh 1D: Tacaítear le tionscnaimh bhithéagsúlachta ar fud na sochaí ar fad
Gníomh 1D5: Leanfaidh SPNF de thacaíocht a thabhairt do thionscadail bhithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil tríd an gCiste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil, lena n-áirítear gníomhú ar speicis choimhthíocha ionracha, i rith shaolré an Phlean seo
Gníomh 1D12: Déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile rannpháirtíocht a thógáil agus a fheabhsú le páirtithe leasmhara talún, fionnuisce, cósta agus mara agus leis an bpobal i gcoitinne chun buntáistí na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais, agus úsáid fhreagrach, inbhuanaithe acmhainní, a chur chun cinn.

Cuspóir 2: Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Caomhnaithe agus Athchóirithe
Toradh 2A: Neartaítear cosaint na limistéar ainmnithe atá ann cheana féin agus na speiceas faoi chosaint agus feabhsaítear caomhnú agus athchóiriú laistigh den líonra limistéar faoi chosaint atá ann cheana féin
Gníomh 2A8: Sainaitheoidh SPNF, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, limistéir a gheallfar mar limistéir chosanta de réir na gcritéir atá leagtha amach faoi Straitéis Bithéagsúlachta an AE
Toradh 2B: Déantar bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais sa cheantar tuaithe níos leithne a chaomhnú agus a athchóiriú – talmhaíocht agus foraoiseacht
Gníomh 2B6: Cuirfidh RTBM, Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara ábhartha eile bearta reatha agus bearta nua chun feidhme chun úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, i gcomhréir le creat rialála an AE le haghaidh lotnaidicídí
Gníomh 2B11: Leanfaidh RTBM de bheith ag cur crainn dhúchasacha chun cinn agus/nó ag tacú leis sin ag Údaráis Áitiúla agus ag comhlachtaí Stáit/leathstáit eile
Gníomh 2B12: Spreagfaidh Údaráis Áitiúla, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), SPNF agus OOP soláthar níos iontaofa agus úsáidfídh siad speicis, cineálacha agus póirthe dúchasacha ó fhoinsí dúchasacha iomchuí ina n-oibreacha tírdhreachaithe, nuair is féidir
Gníomh 2B13: Cuirfidh INSB, i gcomhar le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann agus le gníomhaithe eile atá liostaithe sa Phlean Pailneoirí Uile-Éireann, 2021-2025, na gníomhartha iomchuí atá liostaithe sa Phlean chun feidhme agus tacóidh siad le gníomhaíochtaí caomhnaithe pailneoirí ar thalamh feirme i ndiaidh 2025
Toradh 2C: Tá an bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais caomhnaithe agus athchóirithe faoin tuath níos leithne – tailte portaigh & gníomhú ar son na haeráide
Gníomh 2C7: Chun tacú leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide maidir le geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a bhaint amach, cuirfidh RAFC, RBTM, RTRÁO, Údaráis Áitiúla, agus Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide réitigh talún dhúlraibhuanaithe chun cinn i gcláir thuaithe agus uirbeacha ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla
Toradh 2D: Tá an bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais caomhnaithe agus athchóirithe sa timpeallacht mhuirí agus fionnuisce
Gníomh 2D1: Cuirfidh comhlachtaí ábhartha amhail RTRÁO, RBTM, Údaráis Áitiúla agus comhpháirtithe Plean Bainistíochta Abhantraí (PBA) ar fáil chun stádas éiceolaíoch uisce a chosaint agus a fheabhsú chomh maith le faireachán a dhéanamh air ar bhealach níos fearr le linn an tríú timthriall de PBA

Gníomh 2D5: Oibreoidh OOP leis na húdaráis ábhartha chun a chinntiú go laghdóidh pleanáil Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), MTT agus Measúnacht Chuí (MC) a bhaineann leis cailliúint na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais trí bheartais chun níos mó bearta bainistíochta riosca i gcás tuilte atá neamhstruchtúracha ar fud na n-abhantrach a chur chun cinn
Gníomh 2D21: Déanfaidh RTRÁO, lascach Intíre Éireann, OOP agus comhlachtaí ábhartha eile iniúchadh ar athchóiriú 300 km d'aibhneacha go staid shaorshreafa
Toradh 2F: Tá Plean Athchóirithe Náisiúnta i bhfeidhm chun cur le huailmhian Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, 2030 agus le spriocanna athchóirithe domhanda
Gníomh 2F5: Cuirfidh RTRÁO agus na páirtithe leasmhara uile ar fud an Rialtais bearta athchóirithe i bhfeidhm mar a thuairiscítear sa Phlean Athchóirithe Náisiúnta, laistigh de na tréimhsí ama cuí
Toradh 2H: Tá speicis choimhthíocha ionracha (SCInna) á rialú agus á mbainistiú ar bhonn uile-oileáin chun an tionchar díobhálach atá acu ar an mbithéagsúlacht a laghdú agus déantar bearta chun dul i ngleic le tabhairt isteach agus le scaipeadh SCInna nua sa chomhshaol
Gníomh 2H2: Forbróidh SPNF i gcomhar le Ranna agus comhlachtaí poiblí ábhartha eile, pleananna náisiúnta chun gnéithe de Rialachán SCI an AE agus reachtaíocht náisiúnta ábhartha a chur chun feidhme, agus oibreoidh sé ar phleananna comhoibríocha i gcás ina bhfuil gné uile-oileáin nó Thuaidh-Theas ann maidir le tionchair SCInna

Cuspóir 3: Tionchar an Dúlra ar Dhaoine a Chosaint
Toradh 3A: I mbeartas agus i gcleachtas, aithnítear oidhreacht nádúrtha agus éagsúlacht bhithchultúrtha na hÉireann, tá meas orthu, feabhsaítear iad agus cuirtear chun cinn iad
Gníomh 3A3: Oibreoidh Údaráis Áitiúla chun deiseanna a shainithint agus freagairt dóibh chun luach bithchultúrtha GBUE a fheabhsú trí straitéisí dearaidh iomchuí, úsáid na n-amharc-ealaíon agus na taibhealaíon, agus cothromas rochtana a fheabhsú agus úsáid GBUE ag grúpaí pobail a chur chun cinn, agus seirbhísí cultúrtha a chomhtháthú i bpleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta áitiúla
Toradh 3C: Le pleanáil agus le forbairt éascófar agus cosnófar an méid atá déanta ag an mbithéagsúlacht do dhaoine
Gníomh 3C1: Bogann gach Údarás Poiblí agus gach comhlacht san earnáil phríobháideach i dtreo comhshaoil gan aon ghlancailliúint na bithéagsúlachta trí straitéisí, pleanáil, bearta maolaithe, fritháireamh cuí agus/nó infheistíocht i mbonneagar Gorm agus Glas

Gníomh 3C2: Oibreoidh Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) chun Páipéar Cás-Staidéir a ullmhú agus a fhoilsiú ina scrúdófar dea-chleachtas maidir le bonneagar glas, réitigh dhúlra bhunaithe agus seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú in ullmhú pleananna úsáide talún
Gníomh 3C3: Beidh na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha, na Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae, na Pleananna Ceantair Áitiúil agus na PGBÁna go léir ailínithe le cuspóirí PGNB, i gcás inarb ábhartha

Cuspóir 4: Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíocht maidir leis an mBithéagsúlacht
Toradh 4B: Tá sonraí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais, lena n-áirítear riachtanais chaomhnaithe, inrochtana go forleathan agus caighdeánaithe
Gníomh 4B7: Cinnteoidh SPNF agus comhlachtaí ábhartha eile go gcloíonn sonraí bithéagsúlachta agus sonraí gaolmhara leis an mbeartas náisiúnta sonraí oscailte

Cuspóir 5: Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Bhithéagsúlachta Idirnáisiúnta a Neartú
Toradh 5A: Tá eolaíocht, beartas agus gníomhaíocht maidir le caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta comhordaithe go héifeachtach i gcur chuige uile-oileáin
Gníomh 5A5: Leanfaidh comhlachtaí ábhartha de bheith ag tacú le Plean Pailneoirí Uile-Éireann agus ag baint úsáide as

Aguisín 2-Comhthéacs Beartais le haghaidh an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta*

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch

Is Conradh domhanda é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CÉB), a bunaíodh in 1992, a bhfuil sé mar aidhm aige éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chur chun cinn agus comhroinnt chóir na sochar ó ábhair ghéiniteacha a chinntiú. Soláthraítear in CéB, atá sínithe ag beagnach gach tír, creat le haghaidh iarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun éiceachórais, speicis agus éagsúlacht ghéiniteach a chosaint. Pléitear ann le biteicneolaíocht freisin trí phrótacail amhail Prótacail Cartagena agus Nagoya. In CéB spreagtar tíortha chun straitéisí agus pleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta a fhorbairt, agus tagann a chomhlacht rialaithe, Comhdháil na

bPáirtithe (CP), le chéile go rialta chun dul chun cinn a mheas agus spriocanna don todhchaí a shocrú.¹¹

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

Is treoirphlean uilíoch iad Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFIInna) a glacadh in 2015 chun deireadh a chur le bochtaineacht, an pláinéad a chosaint, agus síocháin agus rathúnas a chinntiú do chách faoi 2030. Agus 17 sprioc idirnasctha iontu, tugtar aghaidh iontu ar dhúshláin dhomhanda amhail ocras, sláinte, oideachas, comhionannas inscne, uisce glan, gníomhú ar son na haeráide agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Sna SFIInna leagtar béim ar chuimsitheacht, agus iad ag áitiú ar thíortha tosaíocht a thabhairt dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu agus an nasc idir dul chun cinn sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil a shainnithint. Iarrtar iontu comhoibriú domhanda idir rialtais, gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta chun acmhainní agus nuálaíocht a shlógadh le haghaidh todhchaí níos cothroime agus níos inbhuanaithe.¹²

Straitéis Bhithéagsúlachta an AE go dtí 2030

Is plean fadtéarmach é Straitéis Bhithéagsúlachta an AE go dtí 2030 a seoladh in 2020 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip. Is é an sprioc atá leis ná cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú agus éiceachórais a athchóiriú ar fud na hEorpa faoi 2030. I measc na bpríomhghníomhartha tá leathnú limistéar faoi chosaint, cur chun feidhme an chéad Dlí um Athbhunú an Dúlra de chuid an AE, agus athchóiriú gnáthóg dhíghrádaithe chun athléimneacht aeráide agus stóráil carbóin a threisiú. Sa straitéis cuirtear úsáid inbhuanaithe talún chun cinn freisin, troidtear i gcoinne trádáil mhídhleathach fiadhúlra, agus comhtháthaítear bithéagsúlacht i gcinnteoireacht phoiblí agus ghnó. Cuirtear an AE i láthair mar cheannaire domhanda i gcaomhnú na bithéagsúlachta.¹³

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht

Leagtar amach sa 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht de chuid na hÉireann (2023–2030) straitéis chuimsitheach chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus í a aisiompú trí chur chuige “uile-rialtais, uile-shochaí”. Leagtar amach ann cúig chuspóir straitéiseacha, lena n-áirítear caomhnú agus athchóiriú práinneach, eolas ar an mbithéagsúlacht a fheabhsú, agus rannchuidithe domhanda na hÉireann a neartú. Leagtar béim sa phlean ar rannpháirtíocht phoiblí, athchóiriú reachtaíochta agus comhoibriú trasearnála chun éiceachórais agus speicis a chosaint. Tugtar isteach ann dualgas bithéagsúlachta nua ar chomhlachtaí poiblí freisin, rud a chinntíonn go gcuirtear an bhithéagsúlacht san áireamh i gcinnteoireacht agus in oibríochtaí.¹⁴

¹¹ <https://www.cbd.int/convention/text>

¹² <https://sdgs.un.org/goals>

¹³ https://environment.ec.europa.eu/strategy/biodiversity-strategy-2030_en

¹⁴ <https://assets.gov.ie/static/documents/plean-gnionmhaiochta-naisiunta-na-heireann-um-biteaguulacht.pdf>

Plean Gníomhaíochta Uisce

I bPlean Gníomhaíochta Uisce na hÉireann, 2024 tá straitéis náisiúnta leagtha amach chun cáilíocht uisce a athchóiriú agus a chosaint ar fud aibhneacha, lochanna, inbhear agus uiscí cósta. Forbraíodh faoin an gCreat-Treoir Uisce ón AE é, agus tá sé dírithe ar thruailliú a laghdú, éiceachórais nádúrtha a athchóiriú agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar uisce. Tugtar isteach sa phlean pleananna oibre gníomhaíochta earnála agus iad siúd atá bunaithe ar dhobharcheantair, a bhfuil tacaíocht acu ó rialachas comhoibríoch agus ó chuntasacht shoiléir. Tá sé mar aidhm aige “stádas maith” a bhaint amach le haghaidh gach dobharlaigh faoi 2027, agus é ag cosaint uisce don dúlra, don talmhaíocht, don tionsclaíocht agus don tsláinte phoiblí.¹⁵

Creat Náisiúnta Pleanála na hÉireann, 2040

Is é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) straitéis fhadtéarmach na hÉireann maidir le forbairt inbhuanaithe go dtí 2040. Mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, tá sé mar aidhm aige fás daonra, tithíocht, bonneagar agus cosaint an chomhshaoil a threorú trí chur chuige cothrom réigiúnach. Sa CNP cuirtear fás dlúth uirbeach, athbheochan ceantar tuaithe, agus nascacht fheabhsaithe idir réigiúin chun cinn. Tá sé ag teacht leis an bPlean Forbartha Náisiúnta chun infheistíocht agus pleanáil chomhordaithe a chinntiú. Le méadú réamh-mheasta ar dhaonra faoi mhilliún duine, sa chreat leagtar amach deich dtoradh straitéiseacha chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha, ar dheiseanna eacnamaíocha agus ar athléimneacht aeráide ar fud na hÉireann.¹⁶

Plean Athchóirithe Dúlra na hÉireann (faoi dheireadh 2026),

Tá Plean Athchóirithe Dúlra na hÉireann á fhorbairt mar fhreagra ar Dhlí an Aontais um Athbhunú an Dúlra, a glacadh in 2024, lena dtugtar sainordú ar gach Ballstát éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú agus stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta. Beidh comhoibriú idir earnálacha agus pobail mar chuid den phlean chun iarrachtaí athchóirithe cuimsitheacha agus éifeachtacha a chinntiú. Bunaíodh Coiste Comhairleach Neamhspleách chun forbairt an phlean a threorú agus moltaí a dhéanamh don Aire Dúlra, Oidhreacht agus Bithéagsúlachta. Leagfar amach sa phlean spriocanna chun gnáthóga amhail tailte portaigh, aibhneacha, foraoisí agus limistéir mhuirí a athchóiriú, agus é mar aidhm aige athléimneacht aeráide, cáilíocht uisce agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú. Tá sé mar aidhm aige freisin tacú le slite beatha inbhuanaithe d’fheirmeoirí, foraoiseoirí agus iascairí, agus sláinte agus folláine an phobail á bhfeabhsú ag an am céanna.¹⁷

¹⁵ <https://assets.gov.ie/static/documents/an-plean-gnionmhaiochta-uisce-2024.pdf>

¹⁶ <https://www.npf.ie/ga/>

¹⁷ <https://www.restorenature.ie/>

Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta, 2023-2028

I bPlean Straitéiseach Chomhairle na hOidhreachta, 2023–2028, dar teideal Ár nÁit in Am, tá fíis leagtha amach chun oidhreacht shaibhir na hÉireann a chosaint, a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh inti. Tá sé dírithe ar shé cholún straitéiseacha: ceannaireacht agus maoirseacht, an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, taighde, comhpháirtíocht, pobail agus oideachas. Sa phlean tá béim leagtha ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara, ar thacaíocht d’úinéirí oidhreachta príobháideacha agus ar fhorbairt beartais atá bunaithe ar fhianaise trí thionscnaimh ar nós Heritage Matters. Tá tús áite tugtha aige freisin do ghníomhú ar son na haeráide trí mhaoiniú a thabhairt d’oifigigh bithéagsúlachta i ngach údarás áitiúil.¹⁸

Plean Pailneoirí Uile-Éireann.

Is tionscnamh deonach uile-oileáin é Plean Pailneoirí Uile-Éireann (2021–2025) chun meath pailneoirí a aisiompú agus an bithéagsúlacht a chosaint. Sa phlean tá 186 gníomh leagtha amach thar shé chuspóir, lena n-áirítear talamh feirme, talamh poiblí agus talamh príobháideach a dhéanamh neamhdhíobhálach do phailneoirí; ag tacú le sláinte na mbeach meala; speicis neamhchoitianta pailneoirí a chaomhnú; agus taighde agus feasacht a chomhordú. Leis an bplean cuirtear feirmeoirí, comhairlí, pobail agus gnólachtaí i mbun oibre chun gnáthóga pailneoirí a chruthú agus úsáid lotnaidicídí a laghdú. Agus é á bhainistiú ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, braitheann sé ar eagraíochtaí comhpháirtíochta chun gníomhartha a mhaoiniú agus a chur chun feidhme.¹⁹

Plean Forbartha Chontae Chill Dara

I bPlean Forbartha Chontae Chill Dara, 2023–2029 tá creat straitéiseach leagtha amach chun treoir a thabhairt maidir le fás inbhuanaithe, úsáid talún agus bonneagar ar fud an chontae. Áirítear ann 1,687 cuspóir agus gníomh atá dírithe ar thithíocht, iompar, athléimneacht aeráide, oidhreacht agus forbairt eacnamaíoch. Tá an plean ag teacht le beartais náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Tionscadal Éireann 2040 agus an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch. Cuirtear béim ann ar chosaint an chomhshaoil, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus comhoibriú le páirtithe leasmhara. Déantar faireachán ar an gcóir chun feidhme trí thuairiscí rialta ar dhul chun cinn agus trí chur chuige uile-chomhairle.²⁰

¹⁸ <https://www.heritagecouncil.ie/content/files/Strategic-Plan-2023-2028.pdf>

¹⁹ <https://pollinators.ie/aipp-2021-2025/>

²⁰ <https://kildarecoco.ie/AllServices/Planning/DevelopmentPlans/>

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chill Dara

I bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024–2029 de chuid Chill Dara tá straitéisí leagtha amach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50%. Cuirtear athléimneacht aeráide chun cinn trí rannpháirtíocht áitiúil, iompar inbhuanaithe, uasghráduithe fuinnimh agus cosaint na bithéagsúlachta. Áirítear sa phlean Crios Dícharbónaithe i Maigh Nuad mar thionscadal pólótach le haghaidh réitigh aeráide faoi stiúir an phobail. Comhtháthaíonn Comhairle Contae Chill Dara spriocanna aeráide i ngach roinn den chomhairle²¹

Plean Oidhreacht Chontae Chill Dara

Tá sé mar aidhm ag Plean Oidhreacht Chill Dara, 2026–2031 oidhreacht shaibhir nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a shainnithint, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Forbraíodh trí chomhairliúchán poiblí é, agus tacaíonn sé le forbairt inbhuanaithe agus ag an am céanna le cosaint agus caomhnú suíomhanna nádúrtha, seandálaíochta, tógtha agus stairiúla uathúla. Tá béim leagtha sa phlean ar rannpháirtíocht phobail, ar oideachas agus ar chomhpháirtíocht chun an “tuiscint áite” agus cáilíocht na beatha i gCill Dara a fheabhsú. Tá sé á chomhordú ag Fóram Oidhreacht Chontae Chill Dara le tacaíocht ón gComhairle Oidhreacht.²²

Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara, 2025-2029

I bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara, 2025–2029 tá an fhís straitéiseach agus na tosaíochtaí leagtha síos don údarás áitiúil. Tá croíluachanna leagtha amach—díriú ar chustaiméirí, gairmiúlacht, nuálaíocht, meas agus trédhearcacht—agus tá sé mar threoir ag seachadadh seirbhíse, feidhmíocht agus cinnteoireacht. Forbraíodh an plean trí chomhairliúchán le páirtithe leasmhara, agus tá sé ailínithe le beartais náisiúnta agus tacaíonn sé le forbairt inbhuanaithe, gníomhú ar son na haeráide agus folláine an phobail. Bíonn sé mar threoir do phleananna seirbhíse bliantúla agus déantar faireachán air trí thuairiscí rialta agus trí athbhreithnithe feidhmíochta.²³

Aguisín 3 – Cosaint Dhlíthiúil don Bhithéagsúlacht in Éirinn*

An Treoir um Éin

²¹ <https://kildarecoco.ie/AllServices/ClimateAction/KildareCountyCouncilClimateActionPlan2024-2029/>

²² <https://kildarecoco.ie/AllServices/Heritage/HeritageOfficeandHeritagePlan/CountyKildareHeritagePlan/>

²³ <https://kildarecoco.ie/DoChomhairle/Foilseacháin/Corparáideach/PleanCorparáideach/>

Is bunchloch de bheartas bithéagsúlachta na hEorpa í Treoir an AE um Éin (Treoir 2009/147/CE), agus tá sé mar aidhm aici gach speiceas éan fiáin atá le fáil go nádúrtha san AE a chosaint. Éilítear léi ar Bhallstáit chun éin, a n-uibheacha, neadacha agus gnáthóga a chaomhnú trí dhaonraí a choinneáil nó a athchóiriú go leibhéil atá slán ó thaobh na héiceolaíochta de. Ní mór Limistéir Chosanta Speisialta (LCOSanna) a ainmniú do speicis atá faoi bhagairt agus do speicis imirceacha, agus iad mar chuid de líonra Natura 2000. Toirmisctear gníomhaíochtaí amhail éin fhiáine a ghabháil, a mharú nó a thrádáil faoin Treoir agus éilítear caomhnú gnáthóige laistigh de chriosanna cosanta agus lasmuigh díobh. Cuirtear téarnamh fadtéarmach daonraí éan chun cinn agus cinntítear go ndéantar dianmheasúnacht timpeallachta ar aon fhorbairt a théann i bhfeidhm ar LCOSanna²⁴

Éilítear ainmniú mar Limistéir Chosanta Speisialta (LCOSanna) dóibh seo a leanas

- Speicis larscríbhinn 1
- Speicis Imirceacha
- Comhbhailiúcháin 20,000 éan uisce & 10,000 péire éan mara
- Is cuid ríthábhachtach iad na bogaigh

An Treoir um Ghnáthóga

Tá sé mar aidhm ag Treoir an AE um Ghnáthóga (Treoir 92/43/CEE) gnáthóga agus speicis is mó atá faoi bhagairt san Eoraip a chaomhnú. Ceanglaítear ar Bhallstáit leis Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) a ainmniú, ar cuid iad de líonra Natura 2000 in éineacht le LCOSanna ón Treoir um Éin. Leis an Treoir cosnaítear breis agus 1,000 speiceas agus 230 cineál gnáthóige, rud a chinntíonn a marthanas fadtéarmach trí bhainistíocht gnáthóige, faireachán agus forbairt inbhuanaithe. Toirmisctear leis gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do speicis liostaithe nó láithreáin faoi chosaint a dhíghrádú, agus éilítear measúnachtaí timpeallachta do phleananna a mbíonn tionchar acu orthu. Sa Treoir cuirtear bithéagsúlacht, nasc éiceolaíoch agus comhar trasteorann chun cinn, rud a fhágann go bhfuil sí lárnach i mbeartas caomhnaithe an dúlra de chuid an AE.²⁵

Éilítear ainmniú mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) dóibh seo a leanas

- Gnáthóga larscríbhinn I (60 gnáthóg)-tá 44 acu ag brath ar uisce
- Speicis larscríbhinn II (25 speiceas)-tá 21 acu ag brath ar uisce

Chun gnáthóga agus/nó speicis a choinneáil, nó a athchóiriú, go stádas caomhnaithe fabhrach.

An Chreat-Treoir Uisce

²⁴ <https://www.npws.ie/legislation/eu-directives/birds-directive>

²⁵ https://environment.ec.europa.eu/topics/nature-and-biodiversity/habitats-directive_en

Leis an gCreat-treoir Uisce de chuid an AE (Treoir 2000/60/CE) bunaítear cur chuige aontaithe maidir le bainistíocht uisce ar fud na hEorpa, agus é mar aidhm aici cáilíocht na ndobharlach go léir a chosaint agus a fheabhsú—aibhneacha, lochanna, screamhuisce agus uiscí cósta. Éilítear léi ar Bhallstáit “stádas maith” a bhaint amach le haghaidh uiscí trí bhainistíocht chomhtháite abhantraí, rannpháirtíocht phoiblí agus úsáid inbhuanaithe. Leis an Treoir cuirtear rialú truaillithe, cosaint gnáthóg agus comhordú ar fud na n-earnálacha agus na dteorainneacha chun cinn. Éilítear léi faireachán rialta, tuairisciú agus forbairt Pleananna Bainistíochta Abhantraí gach sé bliana. Trí dhíriú ar shláinte éiceolaíoch agus ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach, tá sí lárnach i mbeartas comhshaoil an AE.²⁶

An Dlí um Athbhunú an Dúlra.

Is beartas thar a bheith suntasach é Dlí an AE um Athbhunú an Dúlra (Rialachán 2024/1991) lena gceanglaítear ar Bhallstáit 20% ar a laghad de limistéir thalún agus farraige an AE a athchóiriú faoi 2030, agus gach éiceachóras díghrádaithe faoi 2050. Leagtar spriocanna ceangailteacha síos ann le haghaidh foraoisí, bogaigh, aibhneacha, spásanna glasa uirbeacha, daonraí pailneoirí agus talamh talmhaíochta, lena n-áirítear athfhluchadh tailte portaigh draenáilte. Ní mór do Bhallstáit pleananna athchóirithe náisiúnta a chur isteach, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cosc a chur ar thuilleadh meathlaithe ar limistéir athchóirithe. Tacaíonn an dlí leis an mbithéagsúlacht agus le hathléimneacht aeráide, agus tá sé ailínithe leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an Straitéis Bhithéagsúlachta.²⁷

An tAcht um Fhiadhúlra

Is é an tAcht um Fhiadhúlra (leasú), 1976 príomhreachtáíocht na hÉireann chun flóra agus fána fiáin a chosaint. Toirmiscear marú, díobháil nó suaitheadh speiceas faoi chosaint agus rialaítear fiach, gaistiú agus trádáil leis. Leis an Acht táthar in ann Limistéar Oidhreacht Nádurtha (LONanna) a ainmniú chun gnáthóga agus speicis thábhachtacha a chaomhnú. De bharr leasuithe in 2000 agus 2010 neartaíodh cosaintí d’éin, gnáthóga agus an bhithéagsúlacht, rud atá ag teacht le teoracha de chuid an AE. Tacaíonn sé le caomhnú freisin trí cheadúnú, forfheidhmiú agus feasacht phoiblí. Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra a riarann an tAcht.²⁸

An tOrdú um Fhlóra (Cosaint), 2015

Is reachtáíocht Éireannach é an tOrdú um Fhlóra (Cosaint), 2015 lena gcosnaítear speicis plandaí neamhchoitianta agus iad siúd atá faoi bhagairt trí thoirmeasc a chur ar a ndamáiste toiliúil, a stoitheadh nó a ndíol. Liostaítear ann os cionn 70 speiceas faoi chosaint, lena n-áirítear magairlí, raithneach agus plandaí uisceacha, a fhaightear i ngnáthóga leochaileacha amhail portaigh, eanaigh agus limistéir chósta. Tacaíonn an tOrdú le caomhnú na

²⁶ https://environment.ec.europa.eu/topics/water/water-framework-directive_en

²⁷ <https://eur-lex.europa.eu/EN/legal-content/summary/nature-restoration.html>

²⁸ <https://www.npws.ie/legislation>

bithéagsúlachta faoin Acht um Fhiadhúlra agus tá sé ailínithe le treoracha de chuid an AE. Tá cead speisialta ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag teastáil le haghaidh gníomhaíochtaí a mbíonn tionchar acu ar na speicis sin m.sh. i gContae Chill Dara tá Lus Mhic Rí agus Lus an Fhógra faoi chosaint faoin Ordú um Fhlóra (Cosaint). Ciallaíonn sé sin nach féidir aon oibreacha i gceantair ina bhfuil na plandaí sin a dhéanamh ach amháin faoi **cheadúnas** ó SPNF. Tá cosaint dhian ar phlandaí den sórt sin, agus ní féidir cur isteach ar a ngnáthóga ná iad a scrios.²⁹

Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST)

Is próiseas foirmiúil é Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta lena ndéantar measúnacht ar thionchair chomhshaoil pleananna agus clár sula nglactar leo. Éilítear MST faoin Treoir AE 2001/42/CE agus cinntíonn sé go ndéantar breithnithe comhshaoil a chomhtháthú i gcinnteoireacht d'earnálacha ar nós iompair, fuinnimh, talmhaíochta agus úsáide talún. Bíonn comhairliúchán poiblí, measúnú ar roghanna malartacha agus faireachán ar éifeachtaí i gceist leis. Cuidíonn MST le cosc a chur ar dhochar don chomhshaoil, tacaíonn sé le hinbhuanaitheacht agus feabhsaíonn sé trédhearcacht sa phleanáil. Comhlánaíonn sé Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) ar leibhéal an tionscadail trí dhul i ngleic le tionchair níos leithne, fadtéarmacha.³⁰

Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT)

Leis an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) (Treoir 2011/92/AE, arna leasú ag 2014/52/AE) cinntítear go ndéantar measúnú ar thionchair ar an gcomhshaoil atá ag tionscadal poiblí agus príobháideach sula gceadaítear iad. Baineann sé le forbairtí amhail bonneagar, fuinneamh agus saoráidí dramhaíola. Áirítear leis an bpróiseas MTT scagadh, scóipiú, comhairliúchán poiblí agus cinnteoireacht, agus é mar aidhm aige dochar don dúlra, don tsláinte agus don oidhreacht chultúrtha a chosc nó a mhaolú. Cuirtear trédhearcacht, inbhuanaitheacht agus pleanáil eolasach chun cinn ar fud an AE.³¹

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Speicis Choimhthíocha Ionracha), 2024

Neartaítear le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Speicis Choimhthíocha Ionracha), 2024 (I.R. Uimh. 374 de 2024) cur chun feidhme rialacha an AE in Éirinn chun speicis choimhthíocha ionracha a chosc agus a bhainistiú. Leis na rialacháin, ainmnítear speicis mar údar imní san Aontas agus ar an leibhéal náisiúnta, cuirtear srian ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh iad a scaipeadh, agus rialaítear ábhair veicteora. De bharr na rialachán tá cumhacht ag údaráis ceadanna a eisiúint, cigireachtaí a dhéanamh agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú. Tá próisis

²⁹ <https://www.npws.ie/legislation/irish-law/flora-protection-order-1999>

³⁰ <https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/assessment/strategic-environmental-assessment/epas-role-in-sea/>

³¹ <https://www.epa.ie/our-services/monitoring--assessment/assessment/environmental-impact-assessment/>

rannpháirtíochta poiblí agus achomharc san áireamh, agus tá feidhm ag forálacha idirthréimhseacha maidir le sealbhóirí ceadúnais atá ann cheana féin. Tá sé mar aidhm ag na rialacha sin an bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint ó speicis dhíobhálacha neamhdhúchasacha.³²


*Tá Aguisíní 2 agus 3 curtha le chéile le cúnamh ó Microsoft Co-Pilot

Nóta faoin Ealaíontóir Kathrine Geoghegan

Ráiteas Ealaíontóra

Is amharc-ealaíontóir mé atá i mo chónaí agus ag obair i dTeach Srafáin, Contae Chill Dara. I mo chleachtas mar ealaíontóir, oibrím i meáin na péintéireachta, na meán measctha, na teicstíle agus na grianghrafadóireachta. De bharr na spéise atá agam i gcaomhnú gnáthóg, tá sé mar aidhm agam béim a leagan ar thábhacht na náiteanna fiáine seo don bithéagsúlacht agus do mhaolú an athraithe aeráide. Leanann mo thionscadal reatha an Life óna foinse go dtí an áit a mbuaileann sí leis an bhfarraige i gCuan Bhaile Átha Cliath. Tá sí ag sní thart ar 130 ciliméadar trí ghnáthóga éagsúla, agus í á n-uisciú agus á gcothú de réir mar a théann sí ar aghaidh. Tá an abhainn ina tús ag boilgearnach aníos ag a foinse i mbratphortach Shléibhte Chill Mhantáin. Téann sí trí eanach, coillearnach agus féarthalamh. Lúbann sí trí mhóinéir, talamh feirme, agus tailte páirce saothraithe. Ar deireadh, agus í ag éirí taoideamhear agus ag dul trí chéanna na cathrach, sreabhann sí amach go Cuan Bhaile Átha Cliath. Tá a lorg luibheolaíoch féin ag gach ceann de na gnáthóga sin. Agus mise ag leanúint na habhann óna foinse, ag cur pointí feadh a bealaí, déanaim cur síos ar an méid a fheicim agus a bhraithim. Ritheann an abhainn trí mo shráidbhaile féin i dTeach Srafáin agus is mar chuid de shaol an tsráidbhaile í i gcónaí. Ón rás canúála Liffey Descent lena gcuirtear tús ag an gcora i dTeach Srafáin, na slatiascairí a thagann ó chian is ó chongar chun breith ar bhreac, agus go háirithe an saibhreas fiadhúlra a dtacaíonn an abhainn leis, tá an t-ádh linn go mbaineann muid taitneamh as na buntáistí a bhaineann léi go laethúil. Cuireann an abhainn cuid mhaith den uisce óil ar fáil do Bhaile Átha Cliath agus don chúlchríoch níos leithne. Trí chur síos a dhéanamh ar bhealach na habhann & ar na gnáthóga a bhfuil sí ag sní tríothu, tá súil agam feasacht a mhúscailt ar luach agus ar thábhacht na Life, agus ar a timpeallacht.

Agus mise ag roghnú suíomhanna ó fhoinsé na Life ar dtús, shiúil mé na háiteanna sin, ghlac mé nótaí amhairc, grianghraif agus físeán, agus mé ag taifeadadh an mhéid a chonaic mé agus a chuala mé. Ó bheith ag éisteacht le fuiseoga i Sléibhte Chill



³² <https://www.irishstatutebook.ie/eli/2024/si/374/made/en/print>

Mhantáin go dtí bonnáin cheo na mbád ag béal na habhann ag Cuan Bhaile Átha Cliath, tá fuaimeanna agus íomhánna éagsúla tar éis na saothair seo a spreagadh.

Kathrine Geoghegan, 2025

Saothair ealaíne atá le feiceáil: Clúdach an Phlean-**Lár an tSamhraidh in Eanach Bhaile Pholaird**

Caibidil 1 Teideal, leathanach 1-**Grianstad an Gheimhridh**

Caibidil 2 Teideal, leathanach 13-**Rabhadh an Aoire**

Caibidil 3 Teideal, leathanach 29 – **Spás Féileacán**

Caibidil 4 Teideal, leathanach 40 – **Breacadh an Lae, Eanach Bhaile Pholaird**

Caibidil 5 Teideal, leathanach 51 – **An mhaidin ag teacht sna sála ar an oíche**

Caibidil 6 Teideal, leathanach 62-**Tearmann**

Íomhá anseo, leathanach 75 – **An Geimhreadh, Eanach Bhaile Pholaird**

Ba mhaith le hOifig Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Chill Dara buíochas a ghabháil le Kathrine Geoghegan as a cuid oibre a chur leis an bPlean seo.

